Comhairle na nDochtúirí Leighis
Medical Council

# Tuarascáil Bhliantúil

# &

# Ráitis Airgeadais

# 2015

Deartha agus Priontáilte ag Lárionad Priontála na gCoimisinéirí Ioncaim

# Clár an Ábhair


| | |
|---|---|
| **Ráiteas ó Uachtarán na Comhairle** | **5** |
| **Athbhreithniú ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin** | **6** |
| **Ról agus Feidhmeanna Chomhairle na nDochtúirí Leighis** | **8** |
| **Ráiteas Straitéise 2014-2018** | **9** |
| **Fís, Misean agus Luachanna Chomhairle na nDochtúirí Leighis** | **10** |
| **Comhaltaí na Comhairle** | **11 & 12** |
| **2015 i Staitisticí** | **13** |
| **Cuspóir Straitéiseach a hAon** | **14 - 18** |
| **Cuspóir Straitéiseach a Dó** | **19 - 27** |
| **Cuspóir Straitéiseach a Trí** | **28 - 33** |
| **Cuspóir Straitéiseach a Ceathair** | **34 - 42** |
| **Cuspóir Straitéiseach a Cúig** | **43 & 44** |
| **Cuspóir Straitéiseach a Sé** | **45 & 46** |
| **Bainistíocht Riosca** | **47 - 51** |
| **Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015** | **52 - 77** |
| **Aguisín A** | **79 - 84** |
| **Aguisín B** | **85 - 91** |
| **Aguisín C** | **92 - 101** |
| **Aguisín D** | **102** |



# Ráiteas ón Uachtarán


Is cúis mhór áthais dom Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle na nDochtúirí Leighis le haghaidh 2015 a chur isteach. Tharla athruithe móra i gcaitheamh na bliana agus bhí ar an gComhairle agus ar an bhfoireann dul i dtaithí orthu agus foghlaim uathu. Tháinig athrú suntasach ar cheannaireacht na heagraíochta nuair a ceapadh Bill Prasifka ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin i mí Dheireadh Fómhair. Tar éis cúig bliana mar phríomhfheidhmeannach, chuaigh Caroline Spillane leis an earnáil phríobháideach i mí an Mheithimh. Chuir fís Caroline le hathrú dearfach ollmhór le linn a ceannaireachta, agus guímid gach rath uirthi amach anseo. Bhí an t-ádh orainn go raibh triúr ceannairí ar an eagraíocht in 2015 a bhí an-difriúil lena chéile ach gach duine acu thar a bheith ábalta.

Bhí Catherine Whelan, iarchomhalta den Chomhairle, ina príomhfheidhmeannach eatramhach sular thosaigh Bill sa phost. Tá an-chuid taithí ag Bill i gcúrsaí rialála in earnálacha éagsúla, agus bhí tionchar an-dearfach aige ar an eagraíocht cheana féin mar go bhfuil cur chuige úr agus smaointe nua aige agus tá mé ag tnúth le bheith ag obair leis sna blianta atá romhainn amach.

Bhí Comhairle na nDochtúirí Leighis dírithe ar thaighde agus ar rannpháirtíocht arís in 2015 mar chuid dár dtiomantas do chaighdeáin a leagan síos agus caighdeán an oideachais a chosaint do dhochtúirí. Seo í an dara bliain den suirbhé 'Your Training Counts' ar dhochtúirí faoi oiliúint. Léirigh sé réimsí feabhais idir 2014 agus 2015. Léirigh sé freisin céard iad na réimsí tosaíochta a gcaithfimid díriú orthu, ar nós dul i ngleic le bulaíocht, a bhfuil sé léirithe go bhfuil sí forleathan taobh istigh den ghairm. Táimid fós ag cur ár ngníomhartha féin i bhfeidhm laistigh de raon ár róil rialála agus, ag an am céanna, táimid ag roinnt a bhfuil faighte amach agus ag comhoibriú lenár n-eagraíochtaí comhpháirtíochta d'fhonn dul i bhfeidhm ar athruithe agus bonn eolais a chur faoi chinntí beartais.  Táimid ag tnúth le torthaí níos fearr sna blianta atá romhainn amach. De bhun na dtorthaí ó 'Your Training Counts', táimid meáite ar an mbliain intéirneachta a fheabhsú agus, i mí Mheán Fómhair, d'fhoilsigh Comhairle na nDochtúirí Leighis treochlár oideachais agus oiliúna dar teideal "Oideachas, Oiliúint agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil Dochtúirí in Éirinn san 21ú hAois". Is é an aidhm ná go dtreoróidh an treochlár seo ról Chomhairle na nDochtúirí Leighis ó thaobh oideachas agus oiliúint dochtúirí a mhaoirsiú ar fud an chontanaim ón bhfochéim go scor. Seoladh é seo ag siompóisiam oideachais agus oiliúna inar díríodh go sonrach ar an mbliain oiliúna intéirneachta. Ní do Chomhairle na nDochtúirí Leighis amháin an treochlár seo ach dár n-eagraíochtaí comhpháirtíochta ar fad san earnáil sláinte chun tacú le dea-chleachtas gairmiúil i measc dochtúirí ar mhaithe le sábháilteacht othar.I gcaitheamh gach téarma de Chomhairle na nDochtúirí Leighis, déantar athbhreithniú agus leasú ar ár dtreoir maidir le dea-chleachtas gairmiúil mar go bhfuilimid ag iarraidh a chinntiú go gcuirfidh an treoir a sholáthraímid gach duine san áireamh, go mbainfidh sí le hábhar agus go mbeidh sí úsáideach. Tar éis dúinn tuairimí a lorg mar chuid dár n-athbhreithniú ar an treoir atá ann cheana féin, foilsíodh Dréacht-Treoir maidir le hIompar agus Eitic Ghairmiúil agus reáchtáladh comhairliúchán leis an bpobal, le dochtúirí agus le heagraíochtaí comhpháirtíochta sula gcuirfí i gcrích í. Foilseofar an Treoir dheiridh maidir le hIompar Gairmiúil agus Eitic (an 8ú heagrán) in 2016.

Le go mbeimid éifeachtach mar rialtóir, ní mór dúinn a bheith ag obair i bpáirt lena lán comhlachtaí sa chóras sláinte i dtreo comhfhís le haghaidh athrú dearfach. Tá mé an-bhuíoch den Roinn Sláinte, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, scoileanna leighis, comhlachtaí oiliúna iarchéime agus coláistí chomh maith leis na hionadaithe thar ceann na ndochtúirí agus na n-othar a saibhríonn a n-ionchur ár gcuid oibre.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas ar leith a ghabháil leis an gComhairle agus leis an bhfoireann a bhí thar a bheith tiomanta agus solúbtha i rith na bliana agus iad ag obair go dúthrachtach lena chinntiú go mbainfí amach cuspóirí gnó Chomhairle na nDochtúirí Leighis.



**An tOllamh Freddie Wood**

An tUachtarán



# Athbhreithniú ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin

Is cúis mhór áthais dom Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle na nDochtúirí Leighis le haghaidh 2015 a fhoilsiú. Thosaigh mé mo sheal mar príomhfheidhmeannach ar Chomhairle na nDochtúirí Leighis i mí Dheireadh Fómhair agus tá mé an-tógtha leis an méid oibre atá ar bun anseo chomh maith le tiomantas agus díograis mhór na foirne agus na Comhairle.

Ba bhliain athruithe í 2015 do Chomhairle na nDochtúirí Leighis ach bliain dul chun cinn agus forbartha a bhí ann freisin. Is dócha, nuair a smaoiníonn daoine ar Chomhairle na nDochtúirí Leighis, gur clárú dochtúirí agus plé le gearáin is túisce a thagann chun cuimhne, ach sílim go bhfuil sé an-tábhachtach a rá, agus béim a leagan air, nach bhfuil iontu sin ach dhá shnáithe dár gcuid oibre. Is gné bhunúsach dár ról sábháilteacht an phobail agus cosaint othar agus, d'fhonn an pobal a chosaint, caithfimid freastal ar an ngairm a rialálaimid trína chinntiú go leagaimid síos ardchaighdeáin do dhochtúirí agus go gcosnaímid caighdeán a gcuid oideachais ionas go gcabhrófar leo agus go dtabharfar tacaíocht dóibh chun aire a thabhairt dá gcuid othar.


Inár Ráiteas Straitéise, thug Comhairle na nDochtúirí Leighis gealltanas go bhfeabhsódh sí sábháilteacht othar trí thaighde agus rannpháirtíocht níos mó. D'éirigh linn cuid den obair atá déanta ó thaobh taighde agus rannpháirtíochta de a fhoilsiú in 2015 agus seoladh an tuarascáil 'Listening to Complaints, Learning for Good Professional Practice' i mí Iúil. Is é seo an chéad uair a rinne Comhairle na nDochtúirí Leighis athbhreithniú córasach ar ghearáin a fuair sí maidir le dochtúirí.

Is taighde suntasach é seo agus cuireann sé deiseanna foghlama ar fáil do Chomhairle na nDochtúirí Leighis, don phobal agus don ghairm maidir leis na cineálacha eachtraí ar mó an seans go ndéanfar gearán ina leith agus próifíl na ndochtúirí ar mó an seans go ndéanfar gearán ina gcoinne.

I mí Dheireadh Fómhair, ba chúis mhór áthais dom an tuarascáil 'Your Training Counts' a sheoladh. Sa tuarascáil seo chuir dochtúirí faoi oiliúint in iúl céard a bhí i gceist acu a dhéanamh ó thaobh saol oibre de agus ó thaobh fanacht in Éirinn nó imeacht thar lear. Ba chúis imní cuid de na torthaí a tháinig as an tuarascáil seo. Thuairiscigh níos mó ná duine as gach cúigear dochtúirí faoi oiliúint nach raibh sé i gceist acu an leigheas a chleachtadh in Éirinn go ceann i bhfad agus ba iad na dochtúirí faoi oiliúint níos sine (idir 35 agus 39 bliain d'aois) ba mhó a chuir in iúl go raibh sé i gceist acu éirí as an gcleachtadh leighis in Éirinn. I bhfianaise an córas sláinte a bheith faoi bhrú cheana féin, léiríonn na torthaí seo go bhfuil tuilleadh dúshlán romhainn amach. Ní mór dúinn a thabhairt chun cuimhne, áfach, go dteastaíonn sa sonraí seo atá bunaithe ar fhianaise le go mbeimid in ann bearta nithiúla a dhéanamh chun caighdeáin a fheabhsú do dhochtúirí agus, dá thoradh sin, d'othair. Tá dhá bhliain de shonraí leantacha againn anois faoi dhearcadh dochtúirí faoi oiliúint i leith na timpeallachta clinicúla. D'athdhearbhaigh an dara tuarascáil a lán de thorthaí na bliana seo caite, go háirithe maidir le bulaíocht, drochionduchtú agus droch-chaighdeáin ullmhachta. Ní raibh gach toradh diúltach, áfach, agus b'údar mór misnigh é gur mheas dochtúirí faoi oiliúint arís eile go raibh caighdeán an chúraim i dtimpeallachtaí cliniciúla an-mhaith.

Chuir na tuarascálacha seo ar ár gcumas freisin bonn eolais a chur faoin gcomhrá agus faoin gcomhoibriú idir gach duine aonair agus comhlacht a bhfuil baint acu le hoideachas agus oiliúint leighis in Éirinn. Tá súil agam go mbeidh feabhsúcháin shuntasacha ann go luath dá thoradh seo.

Gné eile dár gcuid oibre féin a bhfuil suntas ar leith tugtha agam di ó tháinig mé go Comhairle na nDochtúirí Leighis ná an chomhréir ard dochtúirí nach bhfuil ag cloí lena ndualgas inniúlacht ghairmiúil a chothabháil trína bheith páirteach i ngníomhaíochtaí forbartha gairmiúla leanúnaí. Bhí roinnt fiosrúchán um fheidhmiúlacht chun cleachtadh ann toisc nár chomhlíon dochtúirí an dualgas dlí seo. Is cinnte nach bhfuilimid ag iarraidh go leanfaidh sé sin ar aghaidh. Tá sé faighte amach againn go bhfuil leibhéil comhlíonta níos ísle i measc dochtúirí sa Rannán Ginearálta agus táimid ag fiosrú cén chaoi ar féidir an córas a fheabhsú le go mbeidh sé in ann freastal ar riachtanais oideachais an ghrúpa dochtúirí seo agus comhlíonadh níos fearr a éascú. Bhí os cionn 20,000 dochtúir cláraithe le Comhairle na nDochtúirí Leighis in 2015, an líon dochtúirí is airde riamh ar an gclár. Ina theannta sin, tháinig méadú 50% ar líon na n-iarratas ar chlárú a próiseáladh in 2015 agus cuireadh dlús leis an bpróiseas clárúcháin de thoradh sraith feabhsúchán. Tugtar sonraí fúthu sin ar fad sa tuarascáil seo. Ar deireadh, ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil leis an Roinn Sláinte agus lenár n-eagraíochtaí comhpháirtíochta iomadúla eile taobh istigh den earnáil sláinte as ucht a rannpháirtíochta leanúnaí i rith na bliana. Gabhaim buíochas ó chroí freisin leis an gComhairle agus leis an bhfoireann as ucht fáilte chomh mór sin a chur romham agus mé a spreagadh chomh mór sin le míonna beaga anuas. Tá mé ag tnúth le forbairt a dhéanamh ar éachtaí na bliana seo caite in 2016.




**An tUasal William Prasifka**

An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

# Ról agus Feidhmeanna Chomhairle na nDochtúirí Leighis

Tá feidhmeanna Chomhairle na nDochtúirí Leighis rialaithe ag forálacha **Acht na Lia-Chleachtóirí 2007:**

- **Clár na liachleachtóirí a bhunú agus a choimeád**
- **Caighdeáin le haghaidh oideachas agus oiliúint fochéime, intéirneach agus iarchéime a leagan síos agus monatóireacht a dhéanamh orthu**
- **Na caighdeáin a shonrú is gá chun inniúlacht ghairmiúil liachleachtóirí cláraithe a chothabháil, agus athbhreithniú a dhéanamh orthu**
- **Caighdeáin chleachtais a shonrú le haghaidh liachleachtóirí cláraithe, lena n-áirítear treoir a sholáthar maidir le gach ní a bhaineann le hiompar gairmiúil agus eitic ghairmiúil**
- **Nósanna imeachta maidir le haraíonacht a chur i gcrích**




# Ráiteas Straitéise 2014-2018

In 2014, thug Comhairle na nDochtúirí Leighis Ráiteas Straitéise 2014 – 2018 isteach.

Leagtar amach sa phlean seo treoir na Comhairle go ceann cúig bliana agus tugtar breac-chuntas ann ar shé chuspóir straitéiseacha a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu, a mbeidh cúig phríomhluach mar bhonn agus taca acu, atá riachtanach don chaoi a n-oibrímid.

## An roth straitéise



# Fís, Misean agus Luachanna Chomhairle na nDochtúirí Leighis

## Fís

**Ceannaireacht a chur ar fáil do dhochtúirí chun dea-chleachtas gairmiúil a fheabhsú ar mhaithe le sábháilteacht othar**

## Misean

**Ardchaighdeáin oideachais, oiliúna agus chleachtais a chinntiú i measc dochtúirí ar mhaithe leis na hothair**

## Luachanna

1. Spreagaimid éagsúlacht, rannpháirtíocht agus foghlaim chun cabhrú linn a bheith níos fearr mar eagraíocht
2. Tugaimid tréaniarracht ar mhuinín a fheabhsú tuilleadh idir othair, dochtúirí agus Comhairle na nDochtúirí Leighis
3. Tugaimid ceannaireacht le dea-shampla agus socraímid ardchaighdeáin dúinn féin agus do na dochtúirí agus eagraíochtaí a rialaímid
4. Gníomhaímid go measúil, go cóir, go hionbháúil agus go seasmhach
5. Déanaimid cinntí neamhspleácha, eolasacha agus oibiachtúla agus bímid freagrach astu

# COMHALTAÍ NA COMHAIRLE



An tOll.
Freddie Wood
(Uachtarán)



An Dr Audrey Dillon
(Leas-Uachtarán)



An Dr John
Barragry



An Dr Anthony
Breslin



Katharine Bulbulia
Uasal



An tUasal
Declan Carey



Anne Carrigy
Uasal



An tUasal
Fergus Clancy



An Dr Seán
Curran



An Dr Rita
Doyle



Mary Duff
Uasal



An tOll.
Fidelma Dunne



An Dr Bairbre
Golden



An Dr Ruairí
Hanley



An tUasal Seán
Hurley



An tOll. Alan
Johnson



Marie Kehoe-O'Sullivan Uasal



An tOll. Mary Leader



Margaret Murphy Uasal



An tUasal John Nisbet



An tOll. Colm O'Herlihy



An tUasal Thomas J. O'Higgins




An Dr Michael Ryan



Cornelia Stuart Uasal



An Dr Consilia Walsh


Comhairle na nDochtúirí Leighis
Medical Council
2015 i Staitisticí
20,473 dochtúir a bhí cláraithe i Noll. '15. Méadú 889
19.049
20,473
Is fir 59% den fhórsa saothair agus is mná 41% de
2,639 dochtúir a chláraigh den chéad uair.
1,800
2,639
An Córas Scrúduithe Réamhchlárúcháin: pasráta 45% ar na scrúduithe ríomhbhunaithe agus 48% ar na scrúduithe cliniciúla
369 gearán a fuarthas
784,404 cuairt ar ár suíomh gréasáin. Méadú 21%

# BUAICPHOINTÍ STRAITÉISEACHA AGUS PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ

## *Cuspóir Straitéiseach 1:*

### Clár éifeachtach agus éifeachtúil a fhorbairt, clár a fhreagraíonn do riachtanais an phobail agus do riachtanais ghairm an leighis, riachtanais a bhíonn ag síorathrú

Ligeann iontráil ar Chlár na nDochtúirí Leighis do dhochtúirí leigheas a chleachtadh in Éirinn. Tá obair Chomhairle na nDochtúirí Leighis sa phróiseas clárúcháin ríthábhachtach mar go gcinntítear go bhfuil an chosaint riachtanach i bhfeidhm sula dtoilleann dochtúir an ceart chun leigheas a chleachtadh in Éirinn.

Tháinig méadú suntasach ar líon na ndochtúirí nua a cláraíodh in 2015. Thuill os cionn **2,600** dochtúir an ceart chun cleachtadh in Éirinn, le hais **1,800** in 2014.

Tá riachtanais chlárúcháin dhifriúla ann faoin reachtaíocht, ag brath ar an áit inar bhain dochtúir an cháilíocht amach agus ar an rannán den chlár ina bhfuil dochtúir ag iarraidh a bheith.

Déantar dianseiceálacha cúlra ar gach dochtúir sula gcláraítear iad. Fíoraíonn na seiceálacha seo aitheantas agus cáilíochtaí agus cinntíonn siad nach bhfuil an dochtúir faoi réir gníomh araíonachta in aon tír ina raibh siad ag cleachtadh roimhe sin. Tá ceanglas dlíthiúil ar dhochtúirí freisin a dhearbhú nach bhfuil aon ábhar dlí ná fadhbanna leanúnacha ó thaobh sláinte phearsanta de a d'fhéadfadh cur isteach ar a gcumas chun leigheas a chleachtadh.

Tháinig méadú mór ar líon na n-iarratas ó dhochtúirí a bhain an cháilíocht amach taobh amuigh den AE/LEE in 2015 agus bhí éifeacht mhór aige sin ó thaobh na hiarratais seo a bhainistiú le hacmhainní teoranta.

Rinne an Chomhairle iarracht baill foirne a earcú chun dul i ngleic leis an éileamh méadaithe seo agus tá sí ag súil le freagra ón Roinn Sláinte agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in 2016.

### Scrúduithe réamhchlárúcháin

Is do dhochtúirí a bhain an cháilíocht amach taobh amuigh den Eoraip an Córas Scrúduithe Réamhchlárúcháin.

In 2015, thug **560** iarratasóir faoi na scrúduithe réamhchlárúcháin chun áit a fháil ar Chlár na nDochtúirí Leighis in Éirinn. D'éirigh le **45%** den 351 duine a thug faoin scrúdú ríomhbhunaithe agus d'éirigh le **48%** den 209 duine a thug faoi na scrúduithe cliniciúla. Deimhníonn na scrúduithe sin go gcomhlíonann dochtúirí a fuair a gcáilíochtaí lasmuigh den Eoraip na caighdeáin a theastaíonn chun cleachtadh go sábháilte anseo.

| Scrúduithe réamhchlárúcháin | Líon iomlán a thóg an scrúdú | Pasráta |
|---|---|---|
| **Leibhéal 2 2015 (scrúdú ríomhbhunaithe)** | **351** | **45%** |
| **Leibhéal 3 2015 (scrúdú cliniciúil)** | **209** | **48%** |

## Feabhsúcháin ar an gclárú

In 2015, d'fhógair Comhairle na nDochtúirí Leighis dhá fheabhsúchán ar a próisis chlárúcháin do dhochtúirí a bhain an cháilíocht amach taobh amuigh den Aontas Eorpach (AE) / Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) chun a bpróiseas iarratais a chuíchóiriú.

Ón 1 Meán Fómhair, fíoraítear dintiúirí iarratasóirí, cáilíochtaí agus sonraí aitheantais san áireamh, go leictreonach ar mhaithe le measúnú níos éifeachtúla ar iarratais. An comhoibriú seo leis an gCoimisiún Oideachais do Chéimithe Leighis ón Iasacht chun a Phunann Leictreonach Cáilíochtaí a chur san áireamh agus cáilíochtaí leighis iarratasóirí a bhain an cháilíocht amach taobh amuigh den AE á mheasúnú, cuirfidh sé dlús leis an bpróiseas iarratais ach beidh córas dian i bhfeidhm fós ó thaobh cáipéisí a sheiceáil. Ceanglaítear ar iarratasóirí anois go ndéanfaí fíorú foinse príomha ar a gcáilíochtaí leighis sula ndéanann siad iarratas ar chlárú, rud a fhágann nach gá cáilíochtaí a fhíorú i gcaitheamh an próisis measúnaithe agus go laghdaítear dá réir an méid ama a thógann sé chun iarratais a phróiseáil.

Ó Eanáir 2016 i leith, cuirfidh an Chomhairle ar chumas iarratasóirí scrúduithe réamhchlárúcháin ríomhbhunaithe a dhéanamh i réimse níos leithne ionad timpeall an domhain.

Ar na rudaí eile a feabhsaíodh tá:


- Tairseach clárúcháin ar líne Chomhairle na nDochtúirí Leighis: tá os cionn **99%** de dhochtúirí ag bainistiú agus ag coinneáil a gclárúcháin ar líne anois;

- Aga comhlánaithe ar iarratais ar sheirbhís: tá sé sin níos tapúla anois. Deimhnítear i bhfíor-am go bhfuarthas an t-iarratas agus déileáiltear leis an gcuid is mó d'iarratais taobh istigh de **24 uair an chloig**. Ina theannta sin, chuir na feabhsúcháin seo ar an gcóras agus ar an bpróiseas ar chumas Chomhairle na nDochtúirí Leighis líon na n-iarratas ar chlárú a phróiseáiltear a mhéadú faoi thart ar **50%** in 2015.

Bhí **20,473** dochtúir ar an gClár ar an 31 Nollaig 2015.

| Rannáin den Chlár | Comhréir de Chlár na nDochtúirí Leighis | 2015 |
|---|---|---|
| An Rannán Ginearálta | 42% | 8,547 |
| An Rannán Speisialtóirí | 41% | 8,370 |
| An Rannán Speisialtóirí faoi Oiliúint | 12% | 2,371 |
| Clárú Intéirneach | 5% | 932 |
| An Rannán Maoirsithe | 1% | 224 |
| Dochtúirí ar Cuairt ón Limistéar Eorpach Eacnamaíoch | 0% | 29 |
| Iomlán | | 20,473 |

## Líon na ndochtúirí a bhí cláraithe ar gach rannán de Chlár na nDochtúirí Leighis 2015



Ar aon dul leis an reachtaíocht, tá riachtanais chlárúcháin éagsúla ann, ag brath ar an scoil leighis óna bhfuair an dochtúir a c(h)éim. Léiríonn catagóirí na n-iarratasóirí cé chomh domhanda is atá an fórsa saothair leighis in Éirinn.

| Catagóirí na n-iarratasóirí | | 2015 % | | 2014 % | | 2013 % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cháiligh in Éirinn** | 12.519 | **61%** | 12,204 | 64% | 11,972 | 66% |
| **Saoránach AE a cháiligh san AE/LEE** | 2,050 | **10%** | 1,855 | 10% | 1,617 | 9% |
| **Saoránach neamh-AE a cháiligh san AE/LEE** | 689 | **3%** | 556 | 3% | 400 | 2% |
| **Cháiligh taobh amuigh den AE/LEE** | 5,215 | **26%** | 4,434 | 23% | 4,171 | 23% |
| **Iomlán** | 20,473 | **100%** | 19,049 | 100% | 18,160 | 100% |

## Feabhsúcháin ghréasáin 2015

Rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar na leathanaigh ar an suíomh gréasáin a bhaineann le clárú le haghaidh Cláraithe Reatha agus Iarratasóirí Nua. Rinneadh obair ar roinn an chlárúcháin den suíomh gréasáin freisin d'fhonn feabhas a chur ar an mbealach a bhfaigheann dochtúirí amach, trínár suíomh gréasáin, cén rannán den chlár a bhfuil siad i dteideal a bheith ann.

Beidh na feabhsúcháin ghréasáin seo beo in 2016.

## Gníomhaíochtaí an Choiste Monatóireachta

Úsáidtear próisis mhonatóireachta nuair a chuireann an Chomhairle coinníollacha i bhfeidhm ar chleachtas dochtúra. Cuirtear coinníollacha den sórt sin i bhfeidhm tar éis gníomh araíonachta ó Chomhairle na nDochtúirí Leighis nó ar an gcéad chlárú sa chás go bhfuil iarratasóir tar éis míchumas leighis ábhartha a nochtadh. I mí na Nollag 2015, rinneadh monatóireacht ar 15 dhochtúir chun a chinntiú go raibh siad ag cloí leis na coinníollacha a cuireadh i bhfeidhm ar a gcleachtas.

| Líon na ndochtúirí a bhfuil Coiste Monatóireachta Chomhairle na nDochtúirí Leighis ag déanamh monatóireacht orthu | 2015 | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| Líon na ndochtúirí leis an gCoiste Monatóireachta amhail an 31.12.2015 | **15** | 26 | 22 |
| Líon na ndochtúirí nua leis an gCoiste Monatóireachta 2015 | **4** | 9 | 8 |
| Níl leis an nGrúpa Monatóireachta a thuilleadh 2015 | ***14** | *5 | *11 |

** Tabhair faoi deara, le do thoil, nach bhfuil an figiúr seo san áireamh i líon na ndochtúirí leis an gCoiste Monatóireachta ar an 31 Nollaig 2015*

# Tuarascáil Faisnéise ar an bhFórsa Saothair Leighis 2015

I mí Dheireadh Fómhair 2015, d'fhoilsigh Comhairle na nDochtúirí Leighis an tríú Tuarascáil Faisnéise bhliantúil ar an bhFórsa Saothair Leighis. Tá sonraí ann ar líon, ar aois, agus ar cháilíochtaí speisialtóra na ndochtúirí atá cláraithe le cleachtadh in Éirinn agus ar a socruithe oibre, ar a gcleachtas ó lá go lá, agus ar a réigiún cáilíochta. Is é cuspóir na tuarascála sábháilteacht othar a fheabhsú agus tacaíocht níos fearr a thabhairt do dhea-chleachtas gairmiúil i measc dochtúirí, trí eolas a ghiniúint agus a chur ar fáil faoin bhfórsa saothair leighis in Éirinn. Tá obair Chomhairle na nDochtúirí Leighis sa réimse seo tar éis tar éis bonn eolais a thabhairt don Athbhreithniú Straitéiseach ar Oiliúint Leighis agus ar Struchtúir Gairmeacha (Health.Gov.ie), mar shampla, agus do phleanáil an fhórsa oibre leighis a rinne Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

## *Cuspóir Straitéiseach 2:*

### Timpeallacht foghlama thacúil a chruthú ar mhaithe le dea-chleachtas gairmiúil

Tá ról lárnach ag an timpeallacht foghlama i gcleachtas dochtúirí a mhúnlú i rith a saoil ghairmiúil. In 2015 leag Comhairle na nDochtúirí Leighis béim shuntasach ar a bheith ag éisteacht le tuairimí dochtúirí faoi oiliúint maidir leis an timpeallacht foghlama agus ar réimsí ina d'fhéadfaí dul i bhfeabhas a shainaithint.

### Your Training Counts

In 2015, d'fhoilsigh Comhairle na nDochtúirí Leighis trí thuarascáil a tháinig as an suirbhé 'Your Training Counts', suirbhé a forbraíodh chun taithí dochtúirí faoi oiliúint ar an timpeallacht foghlama a thuiscint agus chun réimsí ina d'fhéadfaí dul i bhfeabhas a shainaithint.

I mí Aibreáin 2015 d'fhoilsigh Comhairle na nDochtúirí Leighis tuarascáil Your Training Counts bunaithe ar thorthaí ó shuirbhé 2014 ar shláinte agus folláine dochtúirí faoi oiliúint.

Your Training Counts: Staitisticí Sláinte & Folláine



I mí Dheireadh Fómhair 2015, d'fhoilsigh Comhairle na nDochtúirí Leighis tuarascáil eile ó shuirbhé 2014 ar a raibh i gceist ag dochtúirí faoi oiliúint a dhéanamh ó thaobh saol oibre de agus ó thaobh fanacht in Éirinn nó imeacht thar lear.

## Your Training Counts: staitisticí maidir lena raibh i gceist ag dochtúirí faoi oiliúint a dhéanamh ó thaobh saol oibre de agus ó thaobh fanacht in Éirinn nó imeacht thar lear



Comhairle na nDochtúirí Leighis
Medical Council

Torthaí ó shuirbhé Your Training Counts Chomhairle na nDochtúirí Leighis

# Cén fáth a bhfuil dochtúirí faoi oiliúint ag fágáil na hÉireann?

Tá nasc idir cinneadh dochtúirí faoi oiliúint Éire a fhágáil agus drochthaithí ar oiliúint ag suíomhanna cliniciúla

**1 as 5**
a deir nach mbeidh siad ag cleachtadh leighis in Éirinn amach anseo

**Cá bhfuil sé i gceist ag dochtúirí faoi oiliúint dul?**




Cúinsí a bhaineann le bheith ag iarraidh éirí as cleachtadh an leighis

**Dochtúirí faoi oiliúint níos sine (35-39 bliain d'aois)**
Seo an grúpa a bhfuil an seans is mó ann go n-éireoidh siad as cleachtadh an leighis in Éirinn

**43%**
de na dochtúirí faoi oiliúint a bhfuil tinneas orthu a chuireann srian orthu, atá faoi mhíchumas nó a bhfuil fadhb shláinte acu, tá siad ag smaoineamh ar éirí as cleachtadh an leighis in Éirinn

**35%**
de na dochtúirí faoi oiliúint a ndearnadh bulaíocht orthu, tá sé i gceist acu éirí as cleachtadh an leighis in Éirinn

**20 - 24 bliain d'aois**
Seo an grúpa a bhfuil an seans is mó ann go mbeidh siad ag cleachtadh an leighis in Éirinn amach anseo

Tugadh faoin dara suirbhé bliantúil Your Training Counts in 2015 agus foilsíodh an tuarascáil ón suirbhé seo i mí na Nollag 2015.

Your Training Counts 2015: staitisticí a bhaineann leis an timpeallacht chliniciúil

| | | |
|---|---|---|
| **9 as 10**<br>de dhochtúirí faoi oiliúint, mheas siad go bhfuil caighdeán an chúraim d'othair 'go maith nó níos fearr ná sin' | **36%**<br>de dhochtúirí faoi oiliúint, thuairiscigh siad go raibh altraí nó mná cabhrach i mbun bulaíochta | **30%**<br>d'intéirnigh, mheas siad nár ullmhaigh a gcuid oideachais leighis iad don bhliain intéirneachta |
| **Ionduchtú**<br>D'fhreastail beirt as gach triúr dochtúirí faoi oiliúint ar chlár ionduchtúcháin nuair a bhí siad ag tosú sa phost | **7 as 10**<br>de dhochtúirí a ndearnadh bulaíocht orthu, níor thuairiscigh siad é sin do dhuine éigin a raibh údarás acu | **Obair foirne**<br>& comhoibriú le dochtúirí faoi oiliúint eile: ba iad sin na gnéithe ba dhearfaí den fhoghlaim chliniciúil |

## Monatóireacht ar cháilíocht agus oiliúint agus oideachas leighis fochéime a fheabhsú

Lean Comhairle na nDochtúirí Leighis ar aghaidh lena gníomhaíocht creidiúnaithe trí bhunchláir leighis a mheasúnú, chomh maith leis na comhlachtaí a chuireann ar fáil iad. Déantar measúnú ar chláir a chuireann céim Éireannach ar fáil, cuma iad a bheith lonnaithe in Éirinn nó thar lear, in aghaidh caighdeáin dea-chleachtais idirnáisiúnta, le treoirlínte na Cónaidhme Domhanda don Oideachas Leighis. Tugadh faoi iniúchadh in OÉ Gaillimh agus i gColáiste na hOllscoile Corcaigh i gcaitheamh 2015.


Is féidir breathnú ar thuarascálacha monatóireachta agus creidiúnaithe ar shuíomh gréasáin Chomhairle na nDochtúirí Leighis.

## Treoirlínte gairmiúlachta

D'fhorbair Comhairle na nDochtúirí Leighis 'A Foundation for the Future – Guidelines for Medical Schools and Medical Students on Undergraduate Professionalism' agus seoladh é i mí na Nollag 2015. Tacóidh na treoirlínte seo le scoileanna leighis agus iad ag cothú na gairmiúlachta i measc mic léinn, agus ag dul i ngleic le haon easnamh gairmiúil.

## Treochlár oideachais agus oiliúna

I mí Mheán Fómhair 2015 d'fhoilsigh Comhairle na nDochtúirí Leighis treochlár oideachais agus oiliúna dar teideal 'Oideachas, Oiliúint agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil Dochtúirí in Éirinn san 21ú hAois'. Is é an aidhm ná go dtreoróidh an treochlár seo ról Chomhairle na nDochtúirí Leighis ó thaobh oideachas agus oiliúint dochtúirí a mhaoirsiú ar fud an chontanaim ón bhfochéim go scor. Seoladh é seo ag siompóisiam oideachais agus oiliúna inar díríodh go sonrach ar an mbliain oiliúna intéirneachta a fheabhsú.


Oideachas, Oiliúint agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil Dochtúirí in Éirinn san 21ú hAois

Comhairle na nDochtúirí Leighis
Medical Council

Treochlár do ról Chomhairle na nDochtúirí Leighis ó thaobh caighdeáin a chosaint agus feabhas a chothú 2015-2020

## *Anatamaíocht*

In 2015, d'fhaomh Comhairle na nDochtúirí Leighis an Cód Cleachtais le haghaidh Scrúdú Anatamaíochta a dhréachtaigh an Cigire Anatamaíochta, an tOllamh D. Ceri Davies, i ndiaidh tréimhse forbartha agus i ndiaidh dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara. Forbraíodh an Cód Cleachtais chun an cleachtas reatha a dhaingniú agus chun tacú le feabhsú leanúnach sa réimse.

Leanann Comhairle na nDochtúirí Leighis ar aghaidh ag coimeád bunachar sonraí de dheontóirí anatamaíochta agus bronnadh thart ar 100 deonú ar scoileanna leighis in Éirinn i gcaitheamh 2015.

Is iad na torthaí iomlána:

| Scoil leighis | Líon na ndeonuithe anatamaíochta |
|---|---|
| Ollscoil na hÉireann, Gaillimh | 16 |
| Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn | 23 |
| Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath | 18 |
| An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath | 12 |
| Coláiste na hOllscoile Corcaigh | 28 |
| **Iomlán** | **97** |


## Oideachas agus oiliúint leighis intéirneach

Lean Comhairle na nDochtúirí Leighis ar aghaidh lena maoirsiú ar na caighdeáin oideachais agus oiliúna d'intéirnigh a chuireann na Gréasáin Oiliúna Intéirneach ar fáil ar shuíomhanna oiliúna a scrúdaigh agus a cheadaigh an Chomhairle. Osclaíodh cúig shuíomh oiliúna nua d'intéirneigh chun tacú leis an gclár oiliúna d'intéirigh in 2015. Tá na suíomhanna le scrúdú in 2016. Scrúdaíodh in 2015 trí shuíomh nua a osclaíodh in 2014, rud a thug suas go 54 líon na suíomhanna d'intéirnigh atá scrúdaithe agus faofa ag Comhairle na nDochtúirí Leighis. Ag leanúint leis na socruithe ar cuireadh tús leo in 2011, d'eisigh Comhairle na nDochtúirí Leighis teastais taithí d'intéirnigh a chríochnaigh a n-oiliúint intéirneach go rathúil, agus eisíodh na teastais sin ar mholadh an tseisir Comhordaitheoirí ar an nGréasán Intéirneach.

## Comhairliúchán maidir leis an Treoir Eitice

I gcaitheamh gach téarma, déantar athbhreithniú agus leasú ar threoir Chomhairle na nDochtúirí Leighis ar dhea-chleachtas gairmiúil. Is é is cuspóir don treoir seo a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag gairmithe leighis agus ag an bpobal ar na caighdeáin chleachtais a bhfuiltear ag súil leo ó dhochtúirí. Leag na freagraí ar phróiseas comhairliúcháin in 2014 béim ar roinnt topaicí nár mhór athbhreithniú mion a dhéanamh orthu, chomh maith le roinnt topaicí breise le cur san áireamh sa treoir nua, is iad sin na meáin shóisialta, comhionannas agus éagsúlacht, dochtúirí i róil cheannaireachta agus bhainistíochta agus dochtúirí mar oiliúnóirí.

In 2015, chríochnaigh an Chomhairle an t-athbhreithniú a bhí á dhéanamh aici ar an 7ú heagrán den Treoir maidir le hIompar agus Eitic Ghairmiúil (2009). Chuaigh an Chomhairle i mbun comhairliúcháin ansin maidir le dréacht den 8ú heagrán den treoir agus fuair aiseolas ón bpobal, ó dhochtúirí cláraithe agus ó eagraíochtaí comhpháirtíochta, lena n-áirítear ionadaithe ón bpobal agus ó othair, gairmithe eile cúraim sláinte, grúpaí sainleasa do dhochtúirí, fostóirí de chuid na seirbhíse sláinte, árachóirí slánaíochta, oiliúnóirí agus oideachasóirí cúraim sláinte, an rialtas agus rialtóirí eile cúraim sláinte.



## Speisialtachtaí leighis

I mí Dheireadh Fómhair, thug Comhairle na nDochtúirí Leighis aitheantas do Leigheas Míleata mar speisialtacht nua, le toiliú an Aire Leo Varadkar.

Soláthraíonn aitheantas mar speisialtacht sainordú chun clár intíre de shainoiliúint sa Leigheas Míleata a bhunú. Déantar meastóireacht ar chláir shainoiliúna trí phróiseas creidiúnaithe ar leith agus de réir chaighdeáin chreidiúnaithe Chomhairle na nDochtúirí Leighis le haghaidh oideachas agus oiliúint leighis iarchéime. Tugann Comhairle na nDochtúirí Leighis aitheantas do 57 speisialtacht anois faoi Acht na Lia-Chleachtóirí 2007.

## *Suíomhanna oiliúna iarchéime*

### Iniúchtaí

Cheadaigh Comhairle na nDochtúirí Leighis critéir le haghaidh mheasúnú na suíomhanna oiliúna a thacaíonn le seachadadh na hoiliúna do speisialtóirí in 2014. Chuir forbairt na gcritéar seo an méid seo a leanas san áireamh – (a) na critéir a chuireann Comhairle na nDochtúirí Leighis i bhfeidhm faoi láthair ina measúnú ar shuíomhanna le haghaidh oiliúint fochéime agus intéirneach; (b) na critéir a chuireann comhlachtaí oiliúna iarchéime in Éirinn i bhfeidhm agus iad i mbun suíomhanna oiliúna cliniciúla a roghnú agus a mheas; agus (c) na critéir agus na próisis iniúchta a chuireann comhlachtaí a bhfuil feidhmeanna cosúil le Comhairle na nDochtúirí Leighis acu i bhfeidhm sa Stát agus lasmuigh de. In 2015, iarradh ar shuíomhanna oiliúna féinmheastóireacht a dhéanamh de réir chritéir na Comhairle agus a dhearbhú don Chomhairle gur cuireadh an ghníomhaíocht sin i gcrích. Ina theannta sin, iarradh ar shuíomhanna roinnt buneolais a chur ar fáil don Chomhairle i ndáil le sainoiliúint ar an suíomh.

### Inniúlacht ghairmiúil

Tá ceanglas dlíthiúil ar na dochtúirí ar fad a gcuid eolais agus scileanna a choinneáil cothrom le dáta trí riachtanais inniúlachta gairmiúla a shocraíonn Comhairle na nDochtúirí Leighis a chomhlíonadh. Déantar iniúchadh ar shampláil dochtúirí gach bliain chun comhlíonadh a chinntiú, agus tá sé de chumhacht ag Comhairle na nDochtúirí Leighis tús a chur le nósanna imeachta araíonachta sa chás gur cinneadh go ndearna dochtúir faillí sa dualgas dlíthiúil seo.

In 2015, rinne Comhairle na nDochtúirí Leighis 14 ghearán i gcoinne dochtúirí nár fhreagair riachtanais an iniúchta cé gur athnuaigh siad a gclárúchán leis an gComhairle le haghaidh 2015.

D’athnuaigh Comhairle na nDochtúirí Leighis a socruithe le comhlachtaí oiliúna leighis iarchéime aitheanta chun scéimeanna inniúlachta gairmiúla a reáchtáil.

### Sláinte dochtúirí

Tá ról tábhachtach ag Comhairle na nDochtúirí Leighis i dtacú le dochtúirí a leanann ar aghaidh ag obair le linn tinnis nuair nach bhfuil aon bhaol ann do shábháilteacht othar. I mí na Nollag 2015, thacaigh an Coiste Sláinte le 41 dochtúir, ar chúiseanna andúile agus meabhairshláinte den chuid is mó.

| An Coiste Sláinte | 2015 | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| Líon na ndochtúirí leis an gCoiste Sláinte amhail an 31.12.2015 | **41** | 35 | 35 |
| Líon na ndochtúirí nua leis an gCoiste Sláinte in 2015 | **16** | 8 | 9 |
| Scaoilte saor ón gCoiste Sláinte in 2015 | ***10** | *8 | *10 |

*Tabhair faoi deara, le do thoil, nach bhfuil an figiúr seo san áireamh i líon na ndochtúirí leis an gCoiste Sláinte ar an 31 Nollaig 2015

# *Cuspóir Straitéiseach 3:*

## *Muinín an phobail agus na gairme i bpróisis Chomhairle na nDochtúirí Leighis a choimeád trí chur chuige comhréireach agus spriocdhírithe a fhorbairt i leith gníomhaíochtaí rialála*

Deartar próisis Chomhairle na nDochtúirí Leighis le haghaidh gearán faoi dhochtúirí chun an pobal a chosaint, agus dírítear iontu ar ghearáin a fhiosrú go daingean agus go cothrom.

### Imscrúdú ar ghearáin

Fuair Comhairle na nDochtúirí Leighis 369 gearán in 2015. Déanann an Coiste Réamhimeachtaí imscrúdú ar gach gearán le cúnamh cásoifigigh thiomnaithe sula ndéantar cinneadh. Le linn na bliana, tharchuir an Coiste Réamhimeachtaí 60 cás le haghaidh fiosrúcháin um fheidhmiúlacht chun cleachtadh, tarchuireadh 3 ghearán chuig comhlacht nó údarás eile, agus tarchuireadh 14 dhochtúir i gcomhair measúnú feidhmíochta ar a gcleachtas.

### Breithiúnas ón gCúirt Uachtarach

Tá feidhmíocht ghairmiúil lag ar cheann de na seacht bhforas le haghaidh gearáin a bhreithníonn Comhairle na nDochtúirí Leighis. I mbreithiúnas a tugadh i mí Feabhra 2015, rialaigh an Chúirt Uachtarach go bhfuil feidhm le tairseach thromchúise le go mbeadh toradh ann go raibh feidhmíocht ghairmiúil lag i gceist i ndáil le aon earráid ó dhochtúir. Déanta na fírinne, le go gcuirfí aon ghearán a dhéantar chuig Comhairle na nDochtúirí Leighis ar aghaidh go Fiosrúchán um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh ar fhorais den sórt sin, caithfidh an t-ábhar a bheith tromchúiseach.

Shoiléirigh an breithiúnas seo na cineálacha gearáin is féidir a chur ar aghaidh go fiosrúcháin um fheidhmiúlacht chun cleachtadh, agus leag sé béim ar an tábhacht a bhaineann le gearáin a réiteach ar leibhéal áitiúil, sa chás nach sroichfí caighdeán tromchúise an dlí.

### Feabhas a chur ar fhaisnéis maidir leis an bpróiseas le gearáin a dhéanamh

Le go mbeadh sé níos éasca teacht ar fhaisnéis ar an bpróiseas le gearáin a dhéanamh, tugadh faoi athbhreithniú ar fhaisnéis ar medicalcouncil.ie. Chuaigh an t-ábhar leasaithe beo ag deireadh 2015, agus tugann sé faisnéis níos éifeachtaí a mhíníonn an próiseas dlíthiúil chun gearáin faoi dhochtúirí a láimhseáil. Forbraíodh turas físe ar sheomra fiosrúcháin Chomhairle na nDochtúirí Leighis freisin chun cabhrú le finnéithe agus le dochtúirí iad féin a ullmhú chun fianaise a thabhairt os comhair coiste um fheidhmiúlacht chun cleachtadh, rud is féidir a bheith strusmhar.

## Grafaic faisnéise ó Medicalcouncil.ie faoin bpróiseas le gearáin a dhéanamh

**Tabhair faoi deara le do thoil:** Ceadaíonn an Chomhairle gach cinneadh a dhéantar i gcaitheamh an phróisis gearán.

Má dhéantar gearán i d'aghaidh, is féidir leis an gCoiste Réamhimeachtaí idir 6 mhí agus 12 mhí a thógáil ón dáta a bhfaigheann siad an gearán chun cinneadh a dhéanamh i ndáil leis an ngearán. Is féidir leis níos mó ama a thógáil uaireanta ná an tréimhse a shonraítear, áfach, ag brath ar cé chomh casta is atá an gearán.

**Céim 1**
*imscrúdú*

- **An Coiste Réamhimeachtaí**
- Déanann sé imscrúdú ar an ngearán

→
- Gan beart eile a dhéanamh; nó
- É a tharchur chuig comhlacht nó údarás eile nó chuig scéim inniúlachta gairmiúla Chomhairle na nDochtúirí Leighis; nó
- É a réiteach trí idirghabháil nó ar mhodh neamhfhoirmiúil eile.

↓ Cás le haghaidh beart eile

**Céim 2**
*fiosrúchán*

- **An Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh**
- Éisteann sé fianaise ag an bhfiosrúchán agus déanann breith i ndáil le fionnachtana

→
- Gan aon fhionnachtain


↓ Fionnachtain

**Céim 3**
*smachtbhanna*

- **Comhairle na nDochtúirí Leighis**
- Breithníonn sí an tuarascáil ón bhfiosrúchán agus forchuireann smachtbhanna ar an dochtúir

↓
- comhairle i scríbhinn a chur ar an dochtúir nó é/í a iomardú (rabhadh a thabhairt dó/di) nó a cháineadh i scríbhinn;
- an dochtúir a cháineadh i scríbhinn agus fíneáil suas le €5,000 a ghearradh air/uirthi;
- coinníollacha a chur ag gabháil le clárú an dochtúra;
- ainm an dochtúra a aistriú go dtí rannán eile den chlár;
- clárú an dochtúra a chur ar fionraí go ceann tréimhse shonraithe;
- clárú an dochtúra a chealú;
- gan cead a thabhairt don dochtúir a (h)ainm a chur ar ais ar an gclár ar feadh tréimhse shonraithe tar éis a gclárú a chealú.

## Turas físe de sheomra fiosrúcháin Chomhairle na nDochtúirí Leighis ar Medicalcouncil.ie




## Tugadh 35 fiosrúchán chun críche in 2015

| Fiosrúcháin um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh a Reáchtáladh | 2015 | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| Curtha i gcrích | **35** | 19 | 39 |
| Curtha ar athló | **1** | 4 | 1 |
| Ar feitheamh (amhail an 31/12/2015) | **45** | 33 | 26 |

| Torthaí na bhfiosrúchán | 2015 | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| Mí-iompar gairmiúil | **6** | 8 | 14 |
| Míchumas leighis ábhartha | **2** | 0 | 0 |
| Feidhmíocht ghairmiúil lag | **6** | 2 | 10 |
| Gan aon fhionnachtain / feidhmiúil chun an leigheas a chleachtadh / níl aon chás ann | **7** | 5 | 6 |
| Rinne gealltanas de bhun alt 67 d'Acht na Lia-Chleachtóirí | **11** | 4 | 9 |
| Sárú ar Acht na Lia-Chleachtóirí (2007) | **4** | 0 | 0 |

*Féadann líon iomlán na dtorthaí a bheith níos mó ná líon iomlán na bhfiosrúchán a reáchtáladh ó tharla gur féidir níos mó ná fionnachtain amháin a dhéanamh i gcoinne cleachtóra.

*Taighde agus plé*

## Plé idir Comhairle na nDochtúirí Leighis agus an Roinn Sláinte

In 2015, bhí Comhairle na nDochtúirí Leighis ag plé leis an Roinn Sláinte d'fhonn leasuithe reachtaíochta ábhartha ar an Acht a mholadh leis an mBille Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014 agus le Bille na Lia-Chleachtóirí (Leasú), 2014 i ndáil le slánaíocht ghairmiúil, an Bille um Fhíocháin Dhaonna agus gach forbairt ábhartha eile.

## Tuarascáil ar ghearáin

I mí Iúil 2015, d'fhoilsigh Comhairle na nDochtúirí Leighis an chéad athbhreithniú cuimsitheach riamh ar ghearáin chuig Comhairle na nDochtúirí Leighis. Féachtar sa tuarascáil 'Listening to Complaints, Learning for Good Professional Practice' ar thart ar 2,000 gearán thar thréimhse 5 bliana agus foilsíodh í le linn seimineár i gCaisleán Bhaile Átha Cliath.

Úsáideadh modhanna measctha chun an tuarascáil seo a dhéanamh. Baineadh leas as modhanna idir chainníochtúil agus cháilíochtúil d'fhonn cur síos a dhéanamh ar na treochtaí sna gearáin a rinneadh chuig an gComhairle de réir fhoinse an ghearáin agus déimeagrafaigh agus chun cúinsí is cúis imní i measc gearánach i ndáil le cleachtadh dochtúirí a shainaithint.

Leag an anailís seo méar ar a lán cúinsí a bhíonn i gceist agus gearáin á ndéanamh. Cé go raibh baint ag ceisteanna faoi eolas agus scil leighis le gearáin, is minic gur drochthaithí ar dhearcadh agus ar iompar dochtúirí a spreag daoine chun gearán a dhéanamh: cumarsáid le hothair, aire a thabhairt le comhbhá, caitheamh le hothair le dínit agus le meas agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le teaghlaigh na n-othar.


Comhairle na nDochtúirí Leighis
Medical Council
Príomhchúinsí i nGearáin i gcoinne Dochtúirí
Droch-chumarsáid
Diagnóis
Cúram leantach
Scileanna gairmiúla cuí
Imscrúdú agus scrúdú cliniciúil

'Listening to Complaints': na torthaí

**46%**

Méádú ar ghearáin a fuarthas in 2012 le hais 2008

**221**

Fiosrúcháin um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh a reáchtáladh

**86%**

Gearáin a rinne an pobal

**2000**

Gearáin a fuarthas i gcaitheamh na tréimhse

**68%**

Gearáin a scrúdaigh an Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh a raibh tionchar mór ag a dtoradh

**Dochtúirí fir**

Ba mhó faoi dhó an seans go ndéanfaí gearán i gcoinne dochtúir fir ná dochtúir mná

## Ag obair le heagraíochtaí comhpháirtíochta

Tá an Chomhairle tar éis béim straitéiseach a leagan ar fhaisnéis a roinnt agus ar fhoghlaim ó nósanna imeachta um fheidhmiúlacht chun cleachtadh. Chun na críche sin, reáchtáladh cruinnithe i gcaitheamh na bliana leis an Roinn Sláinte, le fostóirí, le hionadaithe na n-othar, le hionadaithe dlí agus le slánaíochtóirí chun faisnéis ar threochtaí i ngearáin agus i bhfiosrúcháin a roinnt agus chun bonn eolais a chur faoi fheabhsuithe ar nósanna imeachta.

## *Cuspóir Straitéiseach 4:*

### *Sábháilteacht othar a fheabhsú trí thaighde géarchúiseach agus trí rannpháirtíocht níos fearr*


**Dhírigh Comhairle na nDochtúirí Leighis arís in 2015 ar rannpháirtíocht leis an bpobal, le dochtúirí agus le heagraíochtaí comhpháirtíochta. Leathnaíodh taighde na Comhairle i gcaitheamh na bliana agus tugadh faoi réimse tionscadal taighde.**

### Tionscadail taighde

Úsáidtear taighde mar bhonn agus taca na cinnteoireachta i gComhairle na nDochtúirí Leighis, agus is tosaíocht di soláthar faisnéise agus taighde a úsáid mar bhonn eolais dá hobair féin agus d'obair an chórais sláinte i gcoitinne. In 2015, d'fhoilsigh Comhairle na nDochtúirí Leighis sé phíosa taighde ar leith, ina measc:

- **Your Training Counts 2014 – tuarascáil ar shláinte agus folláine dochtúirí faoi oiliúint**
- **Your Training Counts 2014 – tuarascáil ar a raibh i gceist ag dochtúirí faoi oiliúint a dhéanamh ó thaobh saol oibre de agus ó thaobh fanacht in Éirinn nó imeacht thar lear**
- **Your Training Counts 2015 – léargas ginearálta ar dhearcadh dochtúirí faoi oiliúint ar an timpeallacht foghlama cliniciúla**
- **Listening to Complaints, Learning for Good Professional Practice – athbhreithniú cúig bliana ar ghearáin**
- **An Tuarascáil Faisnéise ar an bhFórsa Saothair Leighis de chuid Chomhairle na nDochtúirí Leighis, a chuireann faisnéis faoi chleachtas agus faoin bhfórsa saothair ar fáil**
- **Taighde chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt treoracha nua ó Chomhairle na nDochtúirí Leighis ar iompar gairmiúil agus eitic.**




## Your Training Counts

Is é Your Training Counts an chéad suirbhé riamh ar dhochtúirí faoi oiliúint in Éirinn agus féachann sé ar na timpeallachtaí foghlama cliniciúla, ar shláinte agus folláine dochtúirí faoi oiliúint agus ar a bhfuil i gceist acu a dhéanamh ó thaobh saol oibre de agus ó thaobh fanacht in Éirinn nó imeacht thar lear. Cé gur thuairiscigh dochtúirí faoi oiliúint go bhfuil othair ag fáil ardchaighdeán cúraim ag suíomhanna cliniciúla, sainaithníodh roinnt réimsí ar thuairiscigh dochtúirí faoi oiliúint nach mór iad a fheabhsú, ina measc ionduchtú, ullmhacht agus bulaíocht a bheith coitianta.



*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Chomhairle na nDochtúirí Leighis, an tUasal Bill Prasifka, an tAire Sláinte, an Dr Leo Varadkar TD agus Uachtarán Chomhairle na nDochtúirí Leighis, an tOllamh Freddie Wood ag seoladh Your Training Counts: a bhfuil i gceist ag dochtúirí faoi oiliúint a dhéanamh ó thaobh saol oibre de agus ó thaobh fanacht in Éirinn nó imeacht thar lear*

## Clár 'Safe Start' Chomhairle na nDochtúirí Leighis

- I mí na Nollag 2015, mar fhreagra ar thorthaí ón tuarascáil 'Listening to Complaints' agus ó na tuarascálacha 'Your Training Counts', d'fhógair Comhairle na nDochtúirí Leighis go bhfuil sí chun dul i dteagmháil le níos mó ná **4,000** dochtúir le fáil amach cén chaoi ar féidir le cleachtais chlárúcháin agus fostaíochta tacú níos fearr le dochtúirí a tháinig isteach i gcóras sláinte na hÉireann le déanaí.

- Ansin cuirfidh an fhaisnéis sin bonn eolais faoi dhearadh cláir chun tacú le clárú. Is í Comhairle na nDochtúirí Leighis a sholáthróidh an clár agus 'Safe Start' a thabharfar air. Tá an tionscadal á fhorbairt freisin chun bonn eolais a chur faoi obair fostóirí ar a gcláir ionduchtúcháin níos mionsonraithe féin agus tacaíocht leanúnach do dhochtúirí a cháiligh taobh amuigh d'Éirinn. Cuirfear tús leis an taighde seo in 2016.

## Bearta a rinne eagraíochtaí comhpháirtíochta mar fhreagra ar 'Your Training Counts'

### An Roinn Sláinte

Bunaíodh grúpa oibre chun athbhreithniú straitéiseach a dhéanamh ar oiliúint leighis agus ar struchtúr gairme. An obair a tugadh don ghrúpa le déanamh ná moltaí ardleibhéil a scrúdú agus a dhéanamh i ndáil le hoiliúint agus conairí gairme do dhochtúirí agus é mar aidhm:

- Níos mó céimithe a choinneáil sa chóras sláinte poiblí
- Pleanáil a dhéanamh i gcomhair seirbhísí a bheidh ag teastáil amach anseo
- An leas is fearr a bhaint as infheistíocht in oideachas leighis

Rinneadh níos mó ná 25 moladh chun dul i ngleic leis na baic agus fadhbanna a bhaineann le hearcaíocht agus coinneáil dochtúirí i gcóras sláinte poiblí na hÉireann. Tá na moltaí seo á gcur i bhfeidhm trí réimse struchtúr agus próiseas ar fud an chórais sláinte. Ina theannta sin, bhunaigh an Roinn Sláinte Grúpa um Monatóireacht ar Chur i bhFeidhm lena chinntiú go gcuirfear moltaí i bhfeidhm go héifeachtúil.

### Oiliúint ar an láthair oibre

### Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Tá Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) tar éis an tionscnamh 'Lead NCHD' a chur ar siúl ar 31 láthair, rud a chruthóidh nasc luachmhar ag leibhéal bainistíochta idir cohórt na nDochtúirí Neamh-Chomhairleacha Ospidéil (DNCO), an coiste DNCO agus an stiúrthóireacht chliniciúil/struchtúr bainistíochta ospidéil. Dá bhrí sin beidh sruth comhphlé agus cumarsáide dhá bhealach leanúnach struchtúrtha idir an bhainistíocht agus DNCOnna. Eagraíodh ceardlann do cheannairí DNCO agus díríodh go sonrach ar an bpolasaí 'Dínit na hOibre' i gcaitheamh an chláir.

Maidir le rialachas oideachais, tá FSS – Oiliúint & Pleanáil Náisiúnta Dochtúirí ag feidhmiú a róil sa réimse seo agus tá sé tar éis measúnú a dhéanamh ar an ngá le líonra ceannairí Oiliúna Dochtúirí Comhairleacha a bhunú taobh istigh de Ghrúpaí Ospidéal.

### Líonra oiliúna intéirneach, Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh

Reáchtálann an líonra oiliúna intéirneach, Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh grodchúrsa d'intéirigh mar chuid den ionduchtú. Clúdaítear topaicí mar scileanna cliniciúla, oidis a thabhairt amach, rudaí a gcaithfidh dochtúirí dul i ngleic leo go minic agus bainistíocht struis.

### Líonra oiliúna intéirneach, an tIarthuaisceart

Chuir líonra oiliúna intéirneach an Iarthuaiscirt feabhas ar a oiliúint agus é ag díriú ar a bheith ullamh le haghaidh cleachtadh cliniciúil. Forbraíodh agus reáchtáladh an clár Tosca Daonna d'Intéirnigh i líonra oiliúna intéirneach an Iarthuaiscirt.

## Comhlachtaí oiliúna iarchéime

### Coláiste Síciatraithe na hÉireann

Tá Coláiste na Síciatraithe tar éis a shainoiliúint a fheabhsú ar roinnt bealaí. Ó mhí Iúil 2015, tá a fhios ag na daoine atá faoi shainoiliúint bhunúsach cé mbeidh siad lonnaithe dá gclár 3 bliana i ndiaidh na bunbhliana.

### Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann

Faoi Choláiste Ríoga Lianna na hÉireann, éilíonn Dámh an Leighis Saothair go ndéanann gach oiliúnóir a scileanna oiliúna agus meantóireachta a uasdátú go rialta. Chomh maith leis sin, tá an dámh páirteach sa chlár Folláine na Lianna agus i gclár um Fhorbairt Teacht Aniar a chuirtear ar fáil taobh istigh de Choláiste na Lianna.

Cuireann Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann seisiúin ar fáil freisin ar shláinte, ar fholláine agus ar bhainistíocht struis, chomh maith le ceardlanna a fhorbairt d’oiliúnóirí ar an gcaoi le lianna atá traochta nó a bhfuil meabhairghalar orthu a shainaithint agus tacaíocht a thabhairt dóibh.

### Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn

Tá Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn tar éis modhanna foghlama atá bunaithe ar chásanna ar leith a chur i bhfeidhm. Leagtar béim ar chumhachtú dochtúirí, obair bhuíne, aiseolas a thabhairt agus a fháil agus dul i ngleic le coimhlint chomh maith le bulaíocht a shainaithint agus dul i ngleic léi. Tá Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn tar éis aip Msurgery.ie a chruthú freisin. Tugann an aip seo eolas i ndáil le strus agus cásanna deacra a bhainistiú. Cuireadh tús le clár oiliúna d’oiliúnóirí freisin i mí na Nollag 2015.

## Scoileanna leighis

### Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Chuir OÉ Gaillimh tús le clár ar a dtugtar IJuMP (clár meantóireachta sóisearach d’intéirnigh) chun grúpa teagaisc agus meantóireachta d’intéirnigh a bhunú chun tascanna ar leith de chuid intéirneach a theagasc agus chun feasacht a fheabhsú maidir le poist oiliúna intéirneach agus ról an intéirnigh.

### Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Tá Coláiste na Tríonóide tar éis tús a chur le seimineáir ar chomhairle maidir le gairmeacha, ar ghairmiúlacht agus ar fholláine. Tá tús curtha freisin le seisiún faisnéisithe iarghlao a thugann deis do dhochtúirí faoi oiliúint cásanna deacra a phlé agus aon rud atá ag cur imní orthu a lua.

## Tuarascáil ar ghearáin

Tá Comhairle na nDochtúirí Leighis fós ag obair le heagraíochtaí comhpháirtíochta chun dul i ngleic leis na torthaí ó anailís ar ghearáin thar thréimhse cúig bliana ionas go mbeidh soiléire níos fearr ag daoine a dhéanann gearán, ag grúpaí abhcóideachta ar son othar agus ag fostóirí maidir le córais chuí chun gearáin a réiteach, ina measc iad a chur ar aghaidh chuig Comhairle na nDochtúirí Leighis.

Mar fhreagra ar aiseolas agus moltaí a tháinig ón tuarascáil, forbraíodh ábhar idirghníomhach don suíomh gréasáin chun an próiseas gearán agus fiosrúcháin a shoiléiriú agus a mhíniú a thuilleadh.

## Suirbhé ar an bpobal

I mí Iúil 2015, d'fhoilsigh Comhairle na nDochtúirí Leighis na torthaí ó shuirbhé ar an bpobal a léirigh cé chomh tábhachtach is atá sé go gcoinneodh dochtúirí eolas atá faighte acu óna gcuid othar faoi rún agus iad ag úsáid na meán sóisialta.

Rinneadh an suirbhé ar 1,000 duine fásta chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt treoracha nua ó Chomhairle na nDochtúirí Leighis ar iompar gairmiúil agus ar eitic.

Léirigh aiseolas ar úsáid na meán sóisialta ag dochtúirí gur aontaigh **76%** de dhaoine go mbeadh a mhalairt de thuairim acu faoi ghairmiúlacht a ndochtúra dá gcuirfeadh sé/sí eolas pearsanta suas ar mheáin shóisialta ar nós Facebook nó Twitter. D'aontaigh **96%** leis an ráiteas nár chóir do dhochtúir eolas othair a roinnt ar na meáin shóisialta riamh. Is léir freisin ón aiseolas ó dhochtúirí go bhfuil gá le treoir bhreise ó Chomhairle na nDochtúirí Leighis maidir le ceist na meán sóisialta. Tá an 8ú heagrán den Treoir um Iompar Gairmiúil agus Eitic uasdátaithe chun an t-aiseolas sin a thabhairt san áireamh agus foilseofar é in 2016.

## Dámhachtainí Taighde Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus Líonra Oideoirí Leighis na hÉireann


I mí Feabhra 2015 d'fhógair Comhairle na nDochtúirí Leighis agus Líonra Oideoirí Leighis na hÉireann (INMED) dámhachtainí nua a bhfuil sé mar aidhm leo cur leis an acmhainn taighde ar oideachas leighis in Éirinn. Na Dámhachtainí um Thaighde ar Oideachas Leighis Chomhairle na nDochtúirí Leighis – INMED a thugtar ar na dámhachtainí. Cuirfidh na deontais taighde chun cinn a fhéachfaidh le freagra a thabhairt ar cheisteanna a bhfuil tábhacht náisiúnta agus idirnáisiúnta leo agus, ag an am céanna, cur leis an mbonn eolais don oideachas agus oiliúint leighis in Éirinn.

## Ar líne

D'fheabhsaigh rannpháirtíocht ar líne le Comhairle na nDochtúirí Leighis in 2015, le méadú **28%** ar líon na gcuairteanna uathúla ar an suíomh gréasáin i gcaitheamh na bliana.

## Méadracht feidhmíochta an tsuímh gréasáin

- Tugadh **784,404** cuairt ar an suíomh gréasáin i mbliana, méadú **21%** ar an mbliain seo caite.
- Tugadh cuairt ar an áis 'Check the Register' ar ár suíomh gréasáin **417,981** uair, méadú **25%** ar an mbliain seo caite.
- Ba iad na cúig phríomhthír ónar thug daoine cuairt ar an suíomh ná Éire, an Ríocht Aontaithe, an Phacastáin, an India agus an Araib Shádach.




### *Ag obair le heagraíochtaí comhpháirtíochta*

### Meabhrán Tuisceana le 'Practitioner Health Matters'

In 2015, shínigh Comhairle na nDochtúirí Leighis agus an clár 'Practitioner Health Matters' Meabhrán Tuisceana chun tacú le dochtúirí a bhfuil deacrachtaí sláinte acu.

Faoin Meabhrán Tuisceana, molfaidh Comhairle na nDochtúirí Leighis, de réir mar is cuí, go mbainfidh dochtúirí atá ag freastal ar a Coiste Sláinte leas as seirbhísí an chláir 'Practitioner Health Matters' chun tacaíocht bhreise a fháil. Dá réir sin, cuirfidh an clár 'Practitioner Health Matters' dochtúir atá ag baint leas as a chuid seirbhísí ar aghaidh chuig Comhairle na nDochtúirí Leighis má chreideann sé go bhfuil an dochtúir féin nó an pobal i mbaol láithreach ón dochtúir sin.




*Cathaoirleach an chláir 'Practitioner Health Matters', an tUasal Hugh Kane, ag síniú an Mheabhráin Tuisceana le hUachtarán Chomhairle na nDochtúirí Leighis, an tOllamh Freddie Wood*

## Comhairliúchán maidir leis an Treoir Eitice

I gcaitheamh gach téarma de Chomhairle na nDochtúirí Leighis, déantar athbhreithniú agus leasú ar ár dtreoir ar dhea-chleachtas gairmiúil. Táimid ag iarraidh a chinntiú go gcuirfidh an treoir a sholáthraímid gach duine san áireamh, go mbainfidh sí le hábhar agus go mbeidh sí úsáideach. Thug próiseas comhairliúcháin in 2014 roinnt topaicí chun solais nár mhór athbhreithniú mion a dhéanamh orthu. Bunaithe ar an bpróiseas comhairliúcháin seo, cuireadh Dréacht-Treoir um Iompar Gairmiúil agus Eitic i dtoll a chéile agus chuamar i gcomhairle leis an bpobal, le dochtúirí agus le heagraíochtaí comhpháirtíochta ina leith i mí Iúil 2015 sula gcuirfí i gcrích í. Beimid ag seoladh an leagain deiridh den Treoir um Iompar Gairmiúil agus Eitic (an 8ú heagrán) in 2016.

## Seimineáir oideachais agus oiliúna

I mí Mheán Fómhair 2015 reáchtáil Comhairle na nDochtúirí Leighis siompóisiam oideachais agus oiliúna inar díríodh go sonrach ar an mbliain intéirneachta agus ar thacaíocht a thabhairt do dhochtúirí agus iad ag iarraidh an chéim mhór sin a ghlacadh ó bheith ina mac léinn leighis go bheith ag cleachtadh mar dhochtúir.

D'fhreastail a lán daoine ar an imeacht seo agus bhí ionadaithe ann ó scoileanna leighis, ó líonraí intéirneach, ó chomhlachtaí iarchéime agus ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus bhí an Roinn Sláinte ann agus é mar aidhm acu bearta a shainaithint a d'fhéadfaidís a dhéanamh chun dul i ngleic le fadhbanna leis an mbliain intéirneachta.

D'óstáil Comhairle na nDochtúirí Leighis, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus Fóram na gComhlachtaí Oiliúna d'Iarchéimithe Lá Gairme do Mhic Léinn agus d'Intéirnigh Leighis i mí Mheán Fómhair.

Ag seoladh na tuarascála ar ghearáin i mí Iúil, d'óstáil Comhairle na nDochtúirí Leighis ceardlann gearán inar thug siad cuireadh d'eagraíochtaí comhpháirtíochta ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ó chomhlachtaí oiliúna iarchéime agus ó líonraí intéirneach páirt a ghlacadh i bplé agus a bheith ag obair i gcomhar lena chéile chun breathnú ar chás-staidéir lena mbaineann gearáin.



*An tOllamh Freddie Wood, Uachtarán Chomhairle na nDochtúirí Leighis, ag caint ag an Siompóisiam Oideachais agus Oiliúna i mí Mheán Fómhair*

# *Cuspóir Straitéiseach 5:*

## *Cultúr a thacaíonn le ceannaireacht agus le foghlaim a fhorbairt san eagraíocht*

## Díríodh gníomhaíochtaí 2015 ar an dea-chleachtas a chur i bhfeidhm i gcúrsaí rialachais agus acmhainní daonna.

### Bill Prasifka, POF nua Chomhairle na nDochtúirí Leighis

Tar éis beagnach cúig bliana mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, tréimhse ina ndearnadh forbairt shuntasach ar ról na Comhairle faoina stiúir, d'éirigh Caroline Spillane as an bpost i mí an Mheithimh 2015 chun tabhairt faoi phost san earnáil phríobháideach. Bhí iarchomhalta de chuid na Comhairle, Catherine Whelan, ag feidhmiú mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin eatramhach idir Meitheamh agus Deireadh Fómhair. Ceapadh Bill Prasifka ina Phríomhfheidhmeannach nua i mí Dheireadh Fómhair 2015. Roimhe seo bhí Bill ina Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais, ina Chathaoirleach ar an Údarás Iomaíochta agus ina Choimisinéir um Rialáil Eitlíochta.

### Comhaltaí nua den Chomhairle

Chuir Comhairle na nDochtúirí Leighis fáilte roimh bheirt chomhaltaí nua neamhleighis ar an gComhairle in 2015. Cheap an tAire Sláinte Thomas J O'Higgins i mí Dheireadh Fómhair agus ceapadh Fergus Clancy trí ainmniúchán ó Chumann Ospidéal Neamhspleách na hÉireann.

Tagann an bheirt nuacheaptha in áit Catherine Whelan agus Sally Mulready, a chuir go mór leis an gComhairle sa dá bhliain a raibh siad uirthi.

### Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta, oiliúint agus forbairt

Tá an Chomhairle meáite ar dhea-chleachtas a chur i bhfeidhm ó thaobh rialachais agus acmhainní daonna de lena chinntiú go gcuirfidh an straitéis foghlama agus forbartha ar chumas na Comhairle agus na mball foirne a gcuid a dhéanamh go héifeachtach taobh istigh de chreat maith rialachais, agus go dtabharfar tacaíocht dóibh chun é sin a dhéanamh.

Trí phróiseas an Chórais Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta, rinneadh taifead ar riachtanais foghlama na foirne agus tugadh aghaidh orthu. Cuireadh oiliúint idir gharrthéarmach agus fhadtéarmach ar fáil don fhoireann – cúrsaí gearrthéarmacha saincheaptha agus cúrsaí níos fadtéarmaí a ngabhann cáilíochtaí foirmiúla leo.

Nuair a foilsíodh an tuarascáil 'Listening to Complaints', phléigh an Chomhairle saincheisteanna a bhaineann le próifíl na ngearán, na ndochtúirí agus na gcásanna ar mó an seans go ndéanfaí cinneadh ardtionchair mar thoradh orthu.

Dírítear i gcónaí ar chinneadh láidir agus cóir a dhéanamh. Chun na críche sin, cuireadh cúrsaí athnuachana ar Chomhionannas agus Éagsúlacht ar fáil le go mbeidh an fhoireann, an Chomhairle agus comhaltaí den choiste dírithe i gcónaí ar a bheith ar an eolas agus neamhchlaonta agus iad ag déanamh cinntí.

### Tógáil foirne

Thug gach rannóg san eagraíocht faoi thionscnaimh tógála foirne.

### Oiliúint cásoifigeach

Chun tacú le dianimscrúdú gearán, cuireadh sainoiliúint ar chásoifigigh i gcaitheamh roinnt míonna. Bronnadh Teastas i Scileanna Imscrúdaithe orthu siúd a thug faoin tsainoiliúint seo, teastas atá creidiúnaithe go neamhspleách ag Institiúid Chairte na nEadránaithe. Chun tacú leis na cásoifigigh ina gcuid oibre, chuimsigh an clár réimsí ar nós dlí rialála, nósanna imeachta córa, teicnící imscrúdaitheacha agus agallóireachta, lena n-áirítear finnéithe leochaileacha a chur faoi agallamh, agus eitic mhíochaine.

## Plean Fórsa Saothair

Cuireadh Plean Fórsa Saothair faoi bhráid na Roinne i mí na Nollag 2015.

Sa cháipéis seo iarrtar tacaíocht na Roinne don mhúnla cuí foirne, ó thaobh idir chandam agus ghráid an fhórsa saothair, chun tacú leis an gComhairle a sainchúram reachtúil a chomhlíonadh agus cuspóirí an Ráitis Straitéise a bhaint amach.

Ba dhúshlán suntasach don eagraíocht é arís in 2015 feidhmiú go héifeachtach taobh istigh den struchtúr eagraíochtúil agus líon foirne reatha.

Ó tharla go bhfuiltear ag éileamh go mbeadh Comhairle na nDochtúirí Leighis níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí an t-am ar fad agus go mbainfimis amach a bhfuil eagraíochtaí comhpháirtíochta ag súil leis, tá an chaoi an n-eagraímid, a mbainistímid agus a n-aithnímid ár ndaoine ríthábhachtach. Tá an Chomhairle ag tnúth lena bheith ag obair leis an Roinn chun ár bPlean Fórsa Saothair a fhorbairt agus chun na hathruithe riachtanacha ar an eagraíocht a chur i bhfeidhm lena chinntiú go mbeidh an Chomhairle, mar chomhlacht gairmiúil, in ann coinneáil uirthi ag glacadh ceannasaíochta ó thaobh córas forásach rialála nua-aimseartha a fhorbairt agus sineirgí i measc na gcomhlachtaí rialála gairmiúla a bhaint amach, chomh maith le foghlaim agus comhairle luachmhar a roinnt i réimsí ar nós bainistíocht gearán, feabhsú próiseas gnó agus tionscnaimh TFC.

## Folláine fostaithe

Díríodh arís ar fholláine fostaithe san eagraíocht agus d’eagraigh grúpa folláine Chomhairle na nDochtúirí Leighis roinnt imeachtaí a dhírigh ar shláinte agus ar leas fostaithe. Eagraíodh gníomhaíochtaí ardaithe feasachta do stróc agus sláinte croí. Díríodh ar fheasacht mheabhairshláinte i mí na Samhna agus eagraíodh ceardlanna ar ‘aireachas’ don fhoireann. Ghlac baill foirne páirt i ngníomhaíochtaí carthanachta ar son roinnt eagraíochtaí i rith na bliana, ina measc Ataxia, Aware, Cumann Ailse na hÉireann, ChildLine agus Tearmann Ban Ráth Maonais.

## Gníomhaíochtaí rialachais

Tugadh an Lámhleabhar Rialachais Chorparáidigh cothrom le dáta i mbliana agus dáileadh ar an gComhairle, ar na Coistí agus ar an bhfoireann ar fad é.

Rinneadh agus tugadh chun críche athbhreithniú bliantúil ar Théarmaí Tagartha gach coiste.

# *Cuspóir Straitéiseach 6:*

## *Eagraíocht inbhuanaithe agus ardfheidhmíochta a fhorbairt*

**Leagadh béim ar an bpróiseas gnó a fheabhsú in 2015, agus díríodh arís ar sheirbhísí a chur ar fáil ar bhealach atá éifeachtach ó thaobh costais de.**


### Creat Rialachais Faisnéise

Tar éis measúnú an-chríochnúil a dhéanamh in 2014, tagarmharcáilte i gcoinne dea-chleachtais, d'fhorbair Comhairle na nDochtúirí Leighis Creat Rialachais Faisnéise in 2015 atá bunaithe ar dhea-chleachtas agus atá saincheaptha don eagraíocht.

Cuirfidh dea-rialachas faisnéise ar ár gcumas faisnéis a láimhseáil go dlíthiúil, go slán, go héifeachtúil agus go héifeachtach, rud a chabhróidh linn an tseirbhís is fearr agus is féidir a chur ar fáil dár gcustaiméirí.

Tá beartais, nósanna imeachta agus cleachtais Chomhairle na nDochtúirí Leighis tagarmharcáilte go cúramach i gcoinne moltaí dea-chleachtais ón Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte, ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Saoráil Faisnéise), Eneclann (ríomhthráchtáil), BDO (slándáil sonraí), ISO (bainistíocht riosca agus taifead), IPA (bainistíocht riosca), Kefron (bainistíocht taifead), an Fochoiste TFC, agus Sceideal Comhlíonta Chomhairle na nDochtúirí Leighis.

D'fhorbair an Mheitheal teimpléad freisin a mbeidh eagraíochtaí eile in ann úsáid a bhaint as.



## Feabhsú próiseas gnó

Maidir le feabhsú próiseas gnó in 2015, díríodh go príomha ar réimse an chlárúcháin ó tharla go bhfuilimid ag ullmhú le haghaidh athbhreithniú seachtrach in 2016.

Ag tógáil ar chur i bhfeidhm rathúil an tionscnaimh chun an próiseas gnó a fheabhsú inár rannán Clárúcháin in 2014, cuireadh tús le tionscnamh eile in 2015, inar díríodh ar an bpróiseas láimhseála gearán a fheabhsú. Úsáideadh modheolaíocht LEAN Six Sigma chun gníomhaíochtaí a shainaithint chun éifeachtúlachtaí próisis a fheabhsú. Leanfar ar aghaidh leis an obair seo in 2016 agus cuirfear i bhfeidhm é i réimsí eile san eagraíocht.

Bhí an fhoireann ar fad páirteach, ar leibhéil éagsúla, in dhá phríomhthionscadal traseagraíochta:

(a) Creat rialachas faisnéise a fhorbairt don eagraíocht, chun a chinntiú go bpléann Comhairle na nDochtúirí Leighis leis an bhfaisnéis agus leis na sonraí ar fad mar is cuí; agus

(b) Straitéis Sármhaitheasa i Seirbhís do Chustaiméirí a fhorbairt don eagraíocht, chun a chinntiú go bhfreagraíonn ár seirbhísí do riachtanais inathraithe agus éagsúla ár bpríomhchustaiméirí i gcónaí.

Leanfar leis an obair seo in 2016, ag tosú le cleachtadh bainistíochta riosca sonraí agus faisnéise; agus imeacht do ghrúpa fócais, chun níos mó a fhoghlaim faoi riachtanais ár gcustaiméirí.

Bhí forbairtí ar bhonneagar teicneolaíocht faisnéise na heagraíochta san áireamh sa bhéim ar éifeachtúlacht oibríochtúil, lena n-áirítear scagairí gréasáin feabhsaithe, nuashonraithe bogearraí agus crua-earraí a chur i bhfeidhm.

## Forléargas airgeadais

Bhí cur chuige dian ann arís i leith an buiséad a bhainistiú agus spriocanna gnó a bhaint amach ag an am céanna. Cuireadh tuarascálacha ráithiúla ar phleanáil gnó agus ar fheidhmíocht in aghaidh spriocanna airgeadais ar fáil don Choiste Iniúchta, Straitéise agus Riosca agus don Chomhairle, agus tugadh tuarascálacha dóibh freisin ar ghníomhaíochtaí bainistíochta riosca de réir bheartas bainistíochta riosca Chomhairle na nDochtúirí Leighis.

Díríodh arís ar phleanáil airgeadais ar fud na heagraíochta, a léirítear sna costais laghdaithe i réimsí éagsúla in 2015. Tá Comhairle na nDochtúirí Leighis tiomanta do chomhlíonadh a n-oibleagáidí i gclár oibre Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí de chuid an Rialtais agus ghlac sí páirt i roinnt conarthaí leis an Oifig um Sholáthar Rialtais.

Bhí Comhairle na nDochtúirí Leighis i mbun dlíthíochta lena tiarna talún, Tanat Limited, maidir le téarmaí a tionóntachta in Kingram House. Socraíodh an caingean dlí i mí Feabhra 2015. Tá an toradh faoi rún agus tá an dá pháirtí sásta leis.

# Bainistíocht Riosca

**Príomhoifigeach Riosca:** Niamh Muldoon

## Réamhrá le bainistíocht riosca

Tá Comhairle na nDochtúirí Leighis tiomanta do bhainistíocht éifeachtach a riosca ar bhonn foirmiúil chun tacaíocht níos fearr a thabhairt don chinnteoireacht agus don phleanáil gnó, bunaithe ar thuiscint shoiléir ar rioscaí agus ar a dtionchar dóchúil. Agus í ag iarraidh an cuspóir seo a chur i gcrích, leag an Chomhairle amach creatlach chineálach ina bhfuil sraith céimeanna simplí ach dea-shainithe chun tacú go leanúnach le bainistíocht riosca, agus chun feasacht a ardú ar riosca agus an gá atá lena bhainistiú go leanúnach agus go héifeachtach i ngach leibhéal den eagraíocht.

Is éard is bainistíocht riosca ann ná rioscaí a shainaithint agus a mheasúnú agus tosaíocht a thabhairt dóibh agus, ansin, acmhainní a chur ar fáil ar bhealach comhordaithe agus comhréireach chun tionchar imeachtaí a rialú nó chun an leas is fearr a bhaint as deiseanna.

Ní mór do Chomhairle na nDochtúirí Leighis, mar aon le gach eagraíocht eile, glacadh leis go mbeidh roinnt riosca ag baint lena gníomhaíochtaí ar fad. Ach déanfaidh Comhairle na nDochtúirí Leighis iarracht an riosca a mhaolú a mhéad is féidir mar eagraíocht a ghníomhaíonn ar mhaithe le leas an phobail. Is é a príomhról leas an phobail a chosaint nuair a bhítear ag plé le dochtúirí leighis, agus dá réir, bíonn a goile riosca idir íseal agus nialas go hiondúil. Aithníonn sí áfach má tá a misean le cur i gcrích go sásúil, a ról seirbhíse don phobal le feabhsú, agus toradh níos fearr le tabhairt dá príomhpháirtithe leasmhara, go gcaithfidh sí a bheith réidh le deiseanna a thapú nuair a dhlisteanaíonn an toradh féideartha glacadh le leibhéal áirithe de riosca breise. Mar aitheantas ar an riosca a d’fhéadfadh a theacht chun cinn ag il-leibhéil i mbealaí éagsúla, ó chinntí straitéiseacha a dhéanamh go gníomhaíochtaí tacaíochta a chur i bhfeidhm, cuirtear clár riosca i dtoll a chéile go rialta i rith na bliana, agus tuairiscítear don Choiste Iniúchta, Straitéise agus Riosca, agus don Chomhairle é.

## Ról Bhord na Comhairle agus an Choiste: iniúchadh, straitéis agus riosca

Treoraíonn Bord Chomhairle na nDochtúirí Leighis ar ghoile, ar lamháltas agus ar bhainistíocht riosca, le tacaíocht an Choiste Iniúchta, Straitéise agus Riosca, a mhaoirsíonn tuarascálacha ráithiúla an chláir riosca. Dearadh an clár riosca chun rioscaí ábhartha féideartha do bhaint amach chuspóirí straitéiseacha agus gnó na Comhairle a shainaithint, a bhainistiú agus a mhaolú. Cuireann gach rannán de roinn riaracháin Chomhairle na nDochtúirí Leighis Clár Riosca rannáin i dtoll a chéile, agus déanann an Príomh-Oifigeach Riosca iad seo a chomhordú agus a thuairisciú don Choiste Iniúchta, Straitéise agus Riosca agus don Chomhairle.

Ar aon dul le Beartas Bainistíochta Riosca Chomhairle na nDochtúirí Leighis, léirítear bainistíocht riosca in oibríochtaí gnó oifigí na Comhairle ó lá go lá. Tá feidhmeanna riosca agus smachtaithe faoi mhaoirsiú an Choiste Iniúchta, Straitéise agus Riosca, agus tuairiscíonn an Príomh-Oifigeach Riosca go díreach do bhord Chomhairle na nDochtúirí Leighis freisin. Cuireann dearbhú neamhspleách le struchtúir inmheánacha trí iniúchadh inmheánach agus seachtrach a úsáid. Rinne soláthraí seachtrach seirbhíse iniúchadh tréimhsiúil go luath in 2015 agus thacaigh an t-iniúchadh go hiomlán leis na beartais agus nósanna imeachta atá i bhfeidhm ag Comhairle na nDochtúirí Leighis i dtaca le bainistíocht riosca.

Mínítear leibhéal ghoile agus lamháltas riosca Chomhairle na nDochtúirí Leighis thíos. Leagtar amach sampla de na príomhrioscaí agus éiginnteachtaí atá os comhair na Comhairle go gearrthéarmach agus go meántéarmach freisin, chomh maith leis na príomhbhearta atá i bhfeidhm chun rioscaí dá leithéid a mhaolú. Ní ráiteas iomlán gan teorainn é sin ar na rioscaí agus ar na héiginnteachtaí ábhartha ar fad. Dearadh na bearta maolaithe a choimeádtar i leith na rioscaí seo chun cosaint réasúnta, murab ionann agus cosaint lánchinnte, a chur ar fáil in aghaidh thionchar na n-imeachtaí faoi thrácht.

## Goile riosca

Tá treoir-ráitis le haghaidh goile riosca leagtha amach ag Comhairle na nDochtúirí Leighis sna catagóirí riosca seo a leanas:

| Catagóir | Measúnú | Treoir-ráitis le haghaidh goile riosca |
|---|---|---|
| **Straitéiseach** | **Goile Riosca Meánach** | Is é príomhról na Comhairle leas an phobail a chosaint nuair a bhítear ag plé le liachleachtóirí. Is iad a príomhróil ina leith sin:<br>• cáilíocht oideachas fochéime na ndochtúirí a dhearbhú<br>• cáilíocht oiliúint iarchéime na speisialtóirí a dhearbhú<br>• clárúchán dochtúirí<br>• nósanna imeachta araíonachta<br>• treoir ar chaighdeáin ghairmiúla / iompar eiticiúil<br>• inniúlacht ghairmiúil<br>Tapóidh an Chomhairle deiseanna nuair a mheastar gur féidir iad a chosaint i bhfianaise an luacha saothair a d’fhéadfadh a bheith ann ó thaobh an gheilleagair agus na sochaí de, in ainneoin leibhéal riosca níos airde a bheith ag baint leo. Bíonn a goile riosca i leith cinntí straitéiseacha agus beartais nua áirithe **íseal go hiondúil**, de bharr a róil ríthábhachtaigh ag feidhmiú ar mhaithe le leas an phobail. Ach i gcásanna áirithe ina meastar go bhfuil an gá le hathrú nó le dul chun cinn forásach oiriúnach beidh goile riosca **meánach** ann. Teastaíonn breithniú agus faomhadh na hardbhainistíochta agus na Comhairle d’aon ghníomhaíocht dá leithéid. Féachfaidh an eagraíocht i ngach cás dá leithéid leis na bunrioscaí a mhaolú i gcur chun feidhme na gcinntí sin, a mhéad is féidir. |
| **Airgeadas & Maoiniú** | **Goile Riosca Meánach** | Is iad na híocaíochtaí bliantúla ó dhochtúirí cláraithe a mhaoiníonn Comhairle na nDochtúirí Leighis ar fad beagnach; ní fhaightear maoiniú ón rialtas ná ó aon fhoinse eile. Dá bhrí sin tá socruithe maoinithe réasúnta seasmhach agus is féidir roinnt pleanáil fhadtéarmach straitéiseach a dhéanamh. Léirítear a goile riosca straitéiseach ina goile riosca sa réimse seo agus bíonn sé idir **íseal agus meánach** go hiondúil.<br>Coimeádfaidh an Chomhairle a hardchaighdeáin le haghaidh maoirseacht airgeadais agus leanfaidh sí ar aghaidh ag cinntiú nach sáraíonn ceanglais airgeadais na hacmhainní atá ar fáil. Bíonn a goile riosca i leith maoirseacht airgeadais **íseal**. |

| Catagóir | Measúnú | Treoir-ráitis le haghaidh Goile Riosca |
|---|---|---|
| **Clú** | **Goile Riosca Meánach** | De bharr gurb é príomhról na Comhairle leas an phobail a chosaint agus iad ag plé le dochtúirí leighis, tá sé tábhachtach go mbeadh muinín as ionracas a gníomhaíochtaí agus a próiseas agus go bhfeicfí go dtugtar toradh inláimhsithe do gach páirtí leasmhar. Bíonn a goile riosca i leith teip bhraite sa réimse seo **íseal** go hiondúil.<br><br>Aithníonn Comhairle na nDochtúirí Leighis go gcaithfidh sí a bheith feasach i gcónaí ar a dualgas poiblí ríthábhachtach ach i gcásanna áirithe d'fhéadfadh gur gá tionscnaimh nach bhfuil tóir orthu a chur chun cinn nó seasamh nach dtaitníonn le daoine a ghlacadh sa chás go meastar é a bheith oiriúnach ar mhaithe leis an bpobal a chosaint. Bíonn a goile riosca sa réimse seo **meánach** go hiondúil. |
| **Oibríochtúil** | **Goile Riosca Íseal** | Áirítear le hoibríochtúil bainistíocht na bpríomhról a ndéantar cur síos orthu thuas agus bainistíocht na bhfeidhmeanna tacaíochta ar fad a theastaíonn chun na príomhróil a chomhlíonadh.<br><br>Tá creatlach chuimsitheach dhian forbartha ag an gComhairle lena n-áirítear beartais agus nósanna imeachta chun tacú le bainistíocht oibríochtúil agus dá bhrí sin bíonn a goile riosca sa réimse seo **íseal** go hiondúil. |
| **Comhlíonadh** | **Gan Goile Riosca** | Sainíonn an Chomhairle beartais agus nósanna imeachta chun tacú lena ceanglais dlí agus chomhlíonta. Bíonn an Chomhairle ag súil le comhlíonadh iomlán, agus seachnaíonn sí aon riosca nó éiginnteacht sa réimse seo. Dá bhrí sin **ní bhíonn aon ghoile riosca** i gcatagóir an chomhlíonta go hiondúil. |

## Léargas ar na príomhrioscaí amhail mí na Nollag 2015

Tugtar tuarascálacha rialta don Choiste Iniúchta, Straitéise agus Riosca agus don Chomhairle ar na príomhrioscaí atá os comhair na heagraíochta.  Tugtar achoimre ar na príomhrioscaí amhail mí na Nollag 2015 thíos:

## Pleanáil ó thaobh pearsanra/fórsa saothair de

De bhrí nach rabhthas in ann folúntais a líonadh gan údarú ón Roinn, cailleadh scileanna agus méadaíodh an t-ualach oibre a bhí ar an bhfoireann. Chruthaigh sé seo dúshláin i réimsí éagsúla agus d'imir sé tionchar ar éifeachtacht oibríochtúil in 2015.

Impleachtaí le haghaidh 2016 – Tá sé bunriachtanach go líonfar folúntais a luaithe is féidir in 2016 chun éifeachtúlacht taobh istigh den eagraíocht a chinntiú agus chun dul i ngleic le margadh fostaíochta atá ag fás, agus beidh Comhairle na nDochtúirí Leighis ag obair leis an Roinn Sláinte arís chun cur chuige níos inbhuanaithe i leith pleanáil daonchumhachta a fhorbairt.

## Comhlíonadh ó thaobh dlí agus rialála de / forbairtí reachtaíochta

Bhí éifeacht ag forbairtí cásdlí ar obair Chomhairle na nDochtúirí Leighis in 2015, a d'imir tionchar ar a ról agus ar a sainchúram. Thug an Chúirt Uachtarach a cinneadh in Corbally v Comhairle na nDochtúirí Leighis i mí Feabhra 2015 agus bhí impleachtaí ag an gcinneadh sin d'Fhiosrúcháin um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh Chomhairle na nDochtúirí Leighis. Beidh tionchar ag forbairtí reachtaíochta eile, ar nós na reachtaíochta faoi shlánaíocht ghairmiúil a thabhairt isteach, ar obair Chomhairle na nDochtúirí Leighis in 2016.

Impleachtaí le haghaidh 2016 – Féachfaidh Comhairle na nDochtúirí Leighis lena bheith ag obair go dlúth leis an Roinn Sláinte in 2016 chun bonn eolais a chur faoi fhorbairtí reachtaíochta agus athruithe a lorg, sa chás go gcreideann sí gur ar mhaithe le leas othar agus dochtúirí atá na hathruithe sin.

### *Airgeadas*

Tá sé breactha síos mar riosca seasta ag Comhairle na nDochtúirí Leighis go bhfuil baol ann go mbeidh Dliteanais Phinsin shuntasacha ann, rud a d'fhágfadh go mbeadh dúshláin fhadtéarmacha romhainn ó thaobh maoiniú de. Cé nach í an Chomhairle an t-aon eagraíocht amháin a bhfuil an dúshlán seo roimpi, táimid ag lorg soiléire agus tacaíochta ón na ranna rialtais cuí maidir leis an gcaoi is fearr leis na ceangaltais seo a chomhlíonadh.

### *Socruithe macrathionóntachta maidir le Kingram House*

In 2015, ghlac Comhairle na nDochtúirí Leighis le socrú ina caingean dlí lena tiarna talún, Tanat Limited, maidir le téarmaí a tionóntachta in Kingram House.

Impleachtaí le haghaidh 2016 – Tá téarmaí daingne ag Comhairle na nDochtúirí Leighis anois a chuirfidh soiléire airgeadais ar fáil don eagraíocht sna blianta amach romhainn.

### *Gearáin agus feidhmiúlacht chun cleachtadh*

Tá córais gearán Chomhairle na nDochtúirí Leighis deartha chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna le feidhmiúlacht chun cleachtadh dochtúirí chun an chosaint is fearr a thabhairt don phobal. Ní mór do chórais feidhmiú laistigh de dhianchreat reachtaíochta toisc gur féidir achomharc dlíthiúil a dhéanamh i gcoinne cinntí. Táthar ag brath ar dhaoine eile ní hamháin chun Comhairle na nDochtúirí Leighis a chur ar an eolas faoi fhadbhanna a d'fhéadfadh a bheith ann ó thaobh cleachtadh dochtúirí de ach freisin chun cabhrú leis an oifig seo gearáin agus fiosrúcháin a fhiosrú agus a bhreithniú go héifeachtúil. Tá riosca leanúnach ag baint leis sin nach mbeadh Comhairle na nDochtúirí Leighis ar an eolas nó nach mbeidís in ann beart a dhéanamh nó cás a iniúchadh chomh tapa agus ba mhian leo.

Impleachtaí le haghaidh 2016 – Coinneoidh Comhairle na nDochtúirí Leighis uirthi ag plé le fostóirí, le hospidéil agus le comhghleacaithe taobh istigh den chóras sláinte ionas go rachfar i ngleic le hábhar imní faoi dhochtúirí ag an leibhéal cuí taobh istigh den chóras sláinte, agus go mbeidh Comhairle na nDochtúirí Leighis in ann leas a bhaint as comhoibriú agus éifeachtúlacht ó gach páirtí agus iad i mbun iniúchadh. Cuirfear leasuithe molta reachtaíochta chun cinn leis an Roinn Sláinte ag féachaint lena chinntiú go bhfuil an chreatlach dlí atá mar bhonn agus taca ag córais gearáin chomh láidir agus is féidir.

## Forbairt agus cleachtas gairmiúil

Riosca d'oibriú éifeachtach na Scéime Inniúlachta Gairmiúla toisc nach bhfuil mórán Lia-Chleachtóirí Cláraithe ag clárú le haghaidh scéimeanna aitheanta.

Impleachtaí le haghaidh 2016 – Coinneoidh Comhairle na nDochtúirí Leighis uirthi ag plé le cláraithe, le fostóirí, le páirtithe leasmhara agus le comhghleacaithe taobh istigh den chóras sláinte lena chinntiú go mbeidh a oiread dochtúirí agus is féidir, ó gach réimse cleachtais, ar an eolas agus ag clárú.

Riosca nach bpróiseálfaí clárú go tráthúil toisc nach bhfuil go leor acmhainní clárúcháin ar fáil chun déileáil le líon na n-iarratas, rud a fhágann go mbíonn riaráistí ann.

Impleachtaí le haghaidh 2016 – Coinneoidh Comhairle na nDochtúirí Leighis uirthi ag athbhreithniú a próiseas agus ag cur le tionscnaimh um éifeachtúlacht chuíchóirithe chun aon bhaol go mbeadh moill ar phróiseáil iarratas a íoslaghdú.

Riosca go ndéanfaí dochar do chlú Chomhairle na nDochtúirí Leighis mura mbainfí úsáid éifeachtach agus éifeachtúil as measúnú feidhmíochta.

Impleachtaí le haghaidh 2016 – Coinneoidh Comhairle na nDochtúirí Leighis uirthi ag athbhreithniú agus ag feabhsú na húsáide a bhaintear as measúnú feidhmíochta lena chinntiú go n-úsáidfear é go héifeachtach, go héifeachtúil agus go comhréireach.

## Córais teicneolaíochta faisnéise

Déantar formhór ghníomhaíochtaí Chomhairle na nDochtúirí Leighis ar líne, agus is é a suíomh gréasáin an phríomhfhoinse eolais d'othair agus do dhochtúirí, agus tá gach dochtúir atá ag cleachtadh in ann a gclárúchán a choimeád anois le córais ar líne. Mar is fíor do mhórán eagraíochtaí sa lá atá inniu ann, riosca do Chomhairle na nDochtúirí Leighis é an spleáchas ar chórais ar líne.

Impleachtaí le haghaidh 2016 – Cuíchóireofar próisis leanúnachais gnó agus tástálfar iad chun a chinntiú go bhfuil córais Chomhairle na nDochtúirí Leighis ar aon dul leis an dea-chleachtas ó thaobh bonneagair agus cosaint sonraí de.

# RÁITIS AIRGEADAIS 2015

## BAILL NA COMHAIRLE AGUS FAISNÉIS EILE

| | |
|---|---|
| **Uachtarán** | **An tOllamh Freddie Wood** |
| **Leas-Uachtarán** | **An Dr Audrey Dillon** |
| **Príomhoifigeach Feidhmiúcháin** | **An tUasal William Prasifka** |

| | | |
|---|---|---|
| **An Chomhairle** | **An tOllamh Freddie Wood** | **An tUasal Seán Hurley** |
| | **An Dr Audrey Dillon** | **An tOllamh Alan Johnson** |
| | **An Dr John Barragry** | **Marie Kehoe-O'Sullivan Uasal** |
| | **An Dr Anthony Breslin** | **An tOllamh Mary Leader** |
| | **Katharine Bulbulia Uasal** | **An Dr Consilia Walsh** |
| | **An tUasal Declan Carey** | **Margaret Murphy Uasal** |
| | **Anne Carrigy Uasal** | **An tUasal John Nisbet** |
| | **An Dr Seán Curran** | **An tOllamh Colm O'Herlihy** |
| | **An Dr Rita Doyle** | **An Dr Michael Ryan** |
| | **Mary Duff Uasal** | **Cornelia Stuart Uasal** |
| | **An tOllamh Fidelma Dunne** | **An Dr Bairbre Golden** |
| | **An Dr Ruairí Hanley** | **An tUasal Fergus Clancy** (Thosaigh ar an 15 Meán Fómhair) |
| | **Catherine Whelan Uasal** (D'éirigh as ar an 13 Iúil) | **An tUasal Tom O'Higgins** (Thosaigh ar an 28 Deireadh Fómhair) |
| | **An Comhairleoir Sally Mulready** (D'éirigh as ar an 26 Meitheamh) | |

Cuireadh tús le téarma oifige reatha Chomhairle na nDochtúirí Leighis ar an 1 Meitheamh 2013 nuair a tháinig an 8ú Comhairle in oifig.

### Oifigí:

Kingram House

Plás Kingram

Baile Átha Cliath 2

### Aturnaetha:

McDowell Purcell

Foirgneamh Chéipil

Mainistir Mhuire

Baile Átha Cliath 7

### Iniúchóirí:

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

3A Sráid an Mhéara Uachtarach

Baile Átha Cliath 1

### Baincéirí:

Banc na hÉireann

Bóthar Ráth Maonais

Ráth Maonais

Baile Átha Cliath 6

# TUARASCÁIL NA COMHAIRLE

Cuireann an Chomhairle i láthair a dtuarascáil agus na ráitis airgeadais iniúchta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015.

## Príomhghníomhaíocht

Is í Comhairle na nDochtúirí Leighis an comhlacht reachtúil le haghaidh clárú agus rialáil dochtúirí a bhíonn ag cleachtadh an leighis.

Is é is príomhchuspóir don Chomhairle an pobal a chosaint trí chaighdeáin arda iompair ghairmiúil agus oideachais ghairmiúil, oiliúna gairmiúla agus inniúlachta gairmiúla a chur chun cinn, agus a chinntiú ar shlí níos fearr, i measc lia-chleachtóirí cláraithe.

Is faoi Acht na Lia-Chleachtóirí, 1978 (arna thabhairt cothrom le dáta in 2007) a bunaíodh Comhairle na nDochtúirí Leighis. Ar phríomhfheidhmeanna na Comhairle tá:

- Clár na liachleachtóirí a bhunú agus a choimeád;
- Cláir oideachais agus oiliúna, is gá chun críocha clárúcháin agus clárúcháin leantaigh, a cheadú, agus na cláir sin a choinneáil faoi athbhreithniú;
- Na caighdeáin a shonrú is gá chun inniúlacht ghairmiúil liachleachtóirí cláraithe a chothabháil, agus na caighdeáin sin a choinneáil faoi athbhreithniú;
- Caighdeáin chleachtais a shonrú le haghaidh liachleachtóirí cláraithe, lena n-áirítear treoir a sholáthar maidir le gach ní a bhaineann le hiompar gairmiúil agus eitic ghairmiúil;
- Nósanna imeachta araíonachta.

25 comhalta atá ar an gComhairle, lena n-áirítear comhaltaí a toghadh agus comhaltaí a ceapadh. Faoi fhorálacha Acht na Lia-Chleachtóirí 2007, cuimsíonn an Chomhairle 13 chomhalta neamhleighis agus 12 chomhalta leighis a dhéanann ionadaíocht ar réimse speisialtachtaí leighis, ar chomhlachtaí teagaisc, ar dhaoine den phobal agus ar pháirtithe leasmhara, a bhfuil a gceapacháin uile faofa ag an Aire Sláinte. Is é tréimhse oifige na Comhairle reatha ná 2013 go dtí 2018. Is iad na híocaíochtaí ó dhochtúirí cláraithe a mhaoiníonn Comhairle na nDochtúirí Leighis; ní fhaightear maoiniú ón rialtas ná ó aon fhoinse eile.

## Iniúchadh inmheánach

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí na Comhairle curtha amach chuig BDO, Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe, chun an tseirbhís seo a sholáthar ó 2014 go 2017.

## Taifid chuntasaíochta

Lena chinntiú go gcoinnítear taifid chuntasaíochta chearta, tá roinn airgeadais inmheánaigh bunaithe ag an gComhairle, tá daoine atá cáilithe go cuí sa chuntasaíocht fostaithe aici agus tá córais chuí cuntasaíochta ríomhairithe coimeádta aici. Coimeádtar na taifid chuntasaíochta ag oifig na Comhairle ag Kingram House, Plás Kingram, Baile Átha Cliath 2.

Faofa ag an gComhairle ar an 13 Iúil 2016 agus sínithe thar a ceann ag:

| **An tOllamh Freddie Wood**<br>**An tUachtarán** | **An tUasal William Prasifka**<br>**An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin** |
|---|---|
| Freddie Wood.<br>**Dar dáta: 13 Iúil 2016** | William Prasifka |


# RÁITEAS FAOI FHREAGRACHTAÍ NA COMHAIRLE

Éilítear ar an gComhairle le hAlt 32 d'Acht na Lia-Chleachtóirí 2007 go n-ullmhódh sí ráitis airgeadais i leith gach bliana airgeadais a thugann léargas fírinneach cóir ar riocht ghnóthaí na Comhairle agus ar an ioncam agus ar an gcaiteachas sa bhliain sin. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú ag an gComhairle, ceanglaítear uirthi:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás nach cuí a thoimhdiú go leanfaidh an Chomhairle de bheith i bhfeidhm
- a dhearbhú cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir imeacht ábhartha ar bith atá nochta agus mínithe sna ráitis airgeadais.

Tá an Chomhairle freagrach maidir le leabhair chuntas chearta a choimeád a thaispeánann go réasúnta cruinn ag aon am seasamh airgeadais na Comhairle agus a chuirfidh ar a cumas cinnte a dhéanamh go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 32 d'Acht na Lia-Chleachtóirí 2007. Tá an Chomhairle freagrach chomh maith as sócmhainní na Comhairle a chosaint agus, uaidh sin, bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc.

Faofa ag an gComhairle ar an 13 Iúil 2016 agus sínithe thar a ceann ag:

| **An tOllamh Freddie Wood**<br>**An tUachtarán** | **An tUasal William Prasifka**<br>**An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin** |
|---|---|
| <br>**Dar dáta: 13 Iúil 2016** |  |

# RÁITEAS FAOIN RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

## Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Thar ceann na Comhairle, admhaímid an fhreagracht atá orainn chun a chinntiú go bhfuil córas cuí rialaithe inmheánaigh airgeadais á choimeád agus á fheidhmiú.

Ní féidir leis an gcóras ach urrús réasúnta seachas urrús absalóideach a chur ar fáil go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar go cuí idirbhearta agus go gcoisctear nó go n-aimseofaí in am trátha earráidí nó mírialtachtaí ábhartha.

## Príomhnósanna imeachta rialúcháin

Tá céimeanna tógtha ag an gComhairle le timpeallacht chuí rialaithe a chinntiú, trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Coiste tiomnaithe Iniúchóireachta, Straitéise agus Riosca a bhunú a mbeidh Comhalta den Chomhairle nach é/í an tUachtarán é/í ina C(h)athaoirleach air;
- Sainmhíniú soiléir a thabhairt ar fhreagrachtaí agus ar chumhachtaí na bainistíochta;
- Iniúchóirí inmheánacha a cheapadh;
- Cultúr freagrachta a fhorbairt ag gach leibhéal den eagraíocht.

Tá próisis bunaithe ag an gComhairle chun rioscaí gnó a shainaithint agus a mheasúnú trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Cineál, méid agus impleacht airgeadais na rioscaí atá os comhair na heagraíochta a shainaithint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheasann sí a bheith inghlactha;
- An seans go dtarlóidh na rioscaí sainaitheanta a mheas;
- Oibriú go dlúth leis an Roinn Sláinte agus le ranna Rialtais eile lena chinntiú go mbeidh tacaíocht ar fáil i leith spriocanna Chomhairle na nDochtúirí Leighis a bhaint amach.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat d’fhaisnéis rialta bhainistíochta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear dualgais a roinnt, agus córas tarmligin agus freagrachta. Cuimsíonn sé na nithe seo a leanas go háirithe:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil a athbhreithníonn agus a chomhaontaíonn an Chomhairle;
- Athbhreithniú rialta ag an gComhairle ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a chuireann feidhmíocht in iúl i gcoinne réamhaisnéisí;
- Spriocanna a leagan síos chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas;
- Nósanna imeachta lena chinntiú go gcomhlíonfar beartais agus treoracha a bhaineann le soláthar poiblí;
- Tá feidhm Iniúchta Inmheánaigh i bhfeidhm agus oibríonn na hIniúchóirí Inmheánacha de réir an Chreat-Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Is é an Coiste Iniúchóireachta, Straitéise agus Riosca a mhaoirsíonn an fheidhm.

Rinneadh athbhreithniú ar na rialúcháin seo a leanas nó cuireadh i ngníomh iad i gcaitheamh na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2015:

- Cuntais bhainistíochta mhíosúla le míniú ar imeachtaí suntasacha ón mbuiséad;
- Cuntais Bhliantúla do 2015 le míniú ar dhifríochtaí suntasacha;
- Plean le haghaidh bhuiséad bliantúil 2016;

Rinne BDO iniúchadh inmheánach ar an Tairseach Chlárúcháin, ar Bhainistíocht Riosca, ar Rialuithe Airgeadais, ar Chlárú agus ar phróisis chun sonraisc a eisiúint.


# RÁITEAS FAOIN RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS (AR LEAN)

Rinne an Chomhairle athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015.

Sínithe thar ceann Chomhairle na nDochtúirí Leighis:

**An tOllamh Freddie Wood**

**An tUachtarán**



**Dar dáta: 13 Iúil 2016**

# AN tARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

**Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais**

## Comhairle na nDochtúirí Leighis

Tá ráitis airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015 iniúchta agam faoi Acht na Lia-Chleachtóirí 2007. Cuimsíonn na ráitis airgeadais an ráiteas faoi ioncam agus caiteachas agus faoi chúlchistí ioncaim coinnithe, an ráiteas faoi ioncam cuimsitheach, an ráiteas faoi staid an airgeadais, an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm atá leagtha síos faoi Alt 32 den Acht, agus de réir an chleachtais cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis.

## Freagrachtaí Chomhaltaí na Comhairle

Tá an Chomhairle freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fírinneach cóir agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú ina dtaobh de réir an dlí is infheidhmithe.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena n-oibriú.

Cuirtear m'iniúchadh i gcrích de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (RA agus Éire) agus ag cloí leis na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí, caighdeáin de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

## Raon Feidhme an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Is é atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil maidir leis na méideanna sna ráitis airgeadais agus maidir leis na rudaí a nochtadh iontu, fianaise ar leor í chun urrús réasúnta a thabhairt go bhfuil na Ráitis Airgeadais saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh sin de bharr calaoise nó earráide. Cuimsíonn sé sin measúnú ar na nithe seo a leanas:

- cé acu atá nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta cuí i gcomhthéacs thosca Chomhairle na nDochtúirí Leighis, cé acu a cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad nó nár cuireadh, agus cé acu a nochtadh go himleor iad nó nár nochtadh
- cé chomh réasúnta is atá meastacháin chuntasaíochta shuntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair na ráiteas airgeadais ar an iomlán.

Agus iniúchadh ar bun agam, féachaim freisin le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

Ina theannta sin, léim tuarascáil bhliantúil Chomhairle na nDochtúirí Leighis chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainaithint agus chun aon fhaisnéis a shainaithint a ndealraíonn sé go bhfuil sí mícheart go hábhartha bunaithe ar an eolas a fuair mé agus mé ag déanamh an iniúchta, nó a ndealraíonn sé nach bhfuil sí ag teacht go hábhartha leis an eolas sin. Má thagaim ar aon mhíshonrú nó neamhréireacht ábhartha fhollasach, pléim na himpleachtaí do mo thuarascáil.

## Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

Is é mo thuairim, maidir leis na ráitis airgeadais:

- go dtugann siad léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis amhail an 31 Nollaig 2015 agus ar a hioncam agus a caiteachas do 2015; agus
- gur ullmhaíodh i gceart iad de réir an chleachtais cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis.

I mo thuairim, ba leor taifid chuntasaíochta Chomhairle na nDochtúirí Leighis le go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus i gceart. Tá na Ráitis Airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

## Nithe a dtuairiscím orthu go heisceachtúil

Tuairiscím go heisceachtúil mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim i gcomhair an iniúchta faighte agam, nó

- má thagaim ar aon chás ábhartha nár úsáideadh airgead chun na gcríoch a bhí i gceist nó nár cloíodh sna hidirbhearta le rialacha na n-údarás a rialaíonn iad, nó
- má fhaighim amach nach bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil bhliantúil Chomhairle na nDochtúirí Leighis ag teacht leis na ráitis airgeadais ghaolmhara nó leis an eolas a fuair mé agus mé i mbun an iniúchta, nó
- má fhaighim amach nach léirítear sa ráiteas faoin rialú inmheánach airgeadais go bhfuil Comhairle na nDochtúirí Leighis ag cloí leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- má fhaighim amach go bhfuil cúrsaí ábhartha eile ann maidir leis an gcaoi a ndearnadh gnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam i dtaobh na nithe sin a dtuairiscítear orthu go heisceachtúil.

**Patricia Sheehan**

**Le haghaidh agus thar ceann**

**an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**25 Iúil 2016**


# RÁITEAS FAOI IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS FAOI CHÚLCHISTÍ IONCAIM COINNITHE

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015

| | | | Athluaite |
|---|---|---|---|
| | | **2015** | 2014 |
| **Ioncam** | **Nótaí** | **€** | € |
| Táillí coinneála | 10 | **9,401,765** | 8,159,700 |
| Táillí clárúcháin | 2 | **2,742,722** | 2,239,376 |
| Ioncam ilghnéitheach | 2 | **434,973** | 607,876 |
| **Ioncam iomlán** | | **12,579,460** | 11,006,952 |
| **Caiteachas** | | | |
| Pá agus tuarastail | 4 | **3,475,793** | 3,375,298 |
| Costais sochar scoir | 4/11 | **1,344,793** | 1,241,424 |
| Costais na Comhairle agus na gcruinnithe | 4 | **513,097** | 644,226 |
| Earcú, oiliúint agus oideachas foirne | | **218,737** | 119,394 |
| Cíos agus rátaí | | **1,074,363** | 1, 218 223 |
| Costais dlí | 3 | **2,771,344** | 1,891,145 |
| Riarachán ginearálta | 3 | **1,127,295** | 988,505 |
| Comhairleacht agus táillí gairmiúla eile | 3 | **386,687** | 476,137 |
| Táillí airgeadais | | **122,868** | 61,416 |
| Táillí iniúchóireachta | | **18,000** | 14,000 |
| Fógraíocht & monatóireacht ar na meáin | | **25,820** | 17,165 |
| Gnóthachan ar dhiúscairtí sócmhainní | | **(3,803)** | 0 |
| Dímheas | 6 | **473,547** | 420,826 |
| **Caiteachas iomlán** | | **(11,548,541)** | (10,467,759) |
| **Barrachas oibriúcháin** | | **1,030,919** | 539,193 |
| Gluaiseacht luacha chóir i sócmhainní airgeadais | 7 | **(309)** | 145,329 |
| Ús infhaighte | | **69,069** | 99,799 |
| Ioncam infheistíochta | | **37,232** | 30,095 |
| **Barrachas don bhliain** | 12 | **1,136,911** | 814,416 |
| Aistriú ó / (go dtí) an cúlchiste pinsin | 12 | **1,178,669** | (1,081,134) |
| Iarmhéid a tugadh ar aghaidh ar an 1 Eanáir | | **14,767,719** | 15,034,437 |
| **Iarmhéid a tugadh ar aghaidh amhail 31 Nollaig** | | **17,083,299** | 14,767,719 |

Is cuid de na ráitis airgeadais an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na Nótaí ar leathanaigh 15 – 27.

Faofa ag an gComhairle ar an 13 Iúil 2016 agus sínithe thar a ceann ag:

| **An tOllamh Freddie Wood**<br>**An tUachtarán** | **An tUasal William Prasifka**<br>**An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin** |
| --- | --- |
| <br>**Dar dáta: 13 Iúil 2016** |  |


# RÁITEAS FAOI IONCAM CUIMSITHEACH

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015

| | Nótaí | 2015<br>€ | Athluaite<br>2014<br>€ |
|---|---|---|---|
| Barrachas don bhliain | 12 | **1,136,911** | 814,416 |
| (Caillteanas) / gnóthachan achtúireach ar oibleagáidí sochar scoir | 11 | **(2,722,000)** | 781,000 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **(1,585,089)** | 1,595,416 |

Is cuid de na ráitis airgeadais an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na Nótaí ar leathanaigh 15 – 27.

Faofa ag an gComhairle ar an 13 Iúil 2016 agus sínithe thar a ceann ag:

| | |
|---|---|
| **An tOllamh Freddie Wood** | **An tUasal William Prasifka** |
| **An tUachtarán** | **An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin** |
| <br>**Dar dáta: 13 Iúil 2016** |  |

# RÁITEAS FAOI STAID AN AIRGEADAIS

amhail an 31 Nollaig 2015

| | Nótaí | 2015 € | Athluaite 2014 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | |
| Réadmhaoin, innealra agus trealamh | 6 | **2,717,971** | 2,924,798 |
| Sócmhainní airgeadais | 7 | **6,147,487** | 3,105,835 |
| | | **8,865,458** | 6,030,633 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Infháltais | 8 | **1,152,564** | 1,416,187 |
| Airgead agus coibhéisí airgid | | **14,110,364** | 13,416,395 |
| | | **15,262,928** | 14,832,582 |
| **Dliteanais reatha (suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)** | | | |
| Iníocaíochtaí | 9 | **(7,045,087)** | (6,095,496) |
| **Glansócmhainní reatha** | | **8,217,841** | 8,737,086 |
| **Iomlán na sócmhainní lúide dliteanais reatha (roimh shochair scoir)** | | **17,083,299** | 14,767,719 |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | |
| Oibleagáidí sochar scoir | 11 | **(15,800,803)** | (11,900,134) |
| **Glansócmhainní** | | **1,282,496** | 2,867,585 |
| **A léiríonn** | | | |
| Cúlchistí ioncaim coinnithe | 12 | **17,083,299** | 14,767,719 |
| Cúlchiste sochar scoir | 12 | **(15,800,803)** | (11,900,134) |
| **Iomlán** | | **1,282,496** | 2,867,585 |

Is cuid de na ráitis airgeadais an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na Nótaí ar leathanaigh 15 – 27. Faofa ag an gComhairle ar an 13 Iúil 2016 agus sínithe thar a ceann ag:

| **An tOllamh Freddie Wood** | **An tUasal William Prasifka** |
|---|---|
| **An tUachtarán** | **An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin** |
| **Dar dáta: 13 Iúil 2016** | |

# Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015

## Réiteach an easnaimh don bhliain le glan-eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin

| | **2015** **€** | Athluaite 2014 € |
|---|---|---|
| **Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | |
| Ioncam sa bhreis ar chaiteachas | **1,136,911** | 814,416 |
| Dímheas agus bearnú ar réadmhaoin, innealra & trealamh | **476,950** | 420,826 |
| Laghdú / (méadú) ar infháltais | **263,623** | 16,590 |
| Méadú / (laghdú) ar iníocaíochtaí | **949,593** | 994,569 |
| Méadú / (laghdú) ar an táille ar shochair scoir | **1,178,669** | 1,081,134 |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **4,005,746** | 3,327,535 |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | |
| Ús faighte | **(69,069)** | (99,799) |
| Íocaíochtaí chun réadmhaoin, gléasra & trealamh a fháil | **(270,125)** | (431,704) |
| Fáltais ó phunann infheistíochta | **(37,232)** | (30,095) |
| Infheistíocht i bpunann chothromais | **(3,000,000)** | 0 |
| Íocaíochtaí na táille bainistíochta punainne | **24,469** | 27,824 |
| Gluaiseacht luacha chóir i sócmhainní airgeadais | **309** | (145,329) |
| Ús fabhraithe ar phunann infheistíochta | **39,871** | 81,467 |
| | **(3,311,777)** | (597,636) |
| **Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | |
| **Glanmhéadú (Glanlaghdú) ar airgead agus ar choibhéisí airgid** | **693,969** | 2,729,899 |
| Airgead agus coibhéisí airgid amhail 1 Eanáir | **13,416,395** | 10,686,496 |
| **Airgead agus coibhéisí airgid amhail 31 Nollaig** | **14,110,364** | 13,416,395 |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015

## 1. Beartais chuntasaíochta

Seo a leanas an bunús cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta ar ghlac Comhairle na nDochtúirí Leighis leo. Cuireadh iad uile i bhfeidhm go leanúnach i rith na bliana agus don bhliain roimhe sin.

### a) Eolas ginearálta

Bunaíodh Comhairle na nDochtúirí Leighis faoi Acht na Lia-Chleachtóirí, 1978 (arna thabhairt cothrom le dáta in 2007), le ceannoifig ag Kingram House, Plás Kingram, Baile Átha Cliath 2.

Is é is príomhchuspóir do Chomhairle na nDochtúirí Leighis an pobal a chosaint trí chaighdeáin arda iompair ghairmiúil agus oideachais ghairmiúil, oiliúna gairmiúla agus inniúlachta gairmiúla a chur chun cinn, agus a chinntiú ar shlí níos fearr, i measc lia-chleachtóirí cláraithe mar a leagtar amach i gCuid 2, Alt 6 d'Acht na Lia-Chleachtóirí 2007.

Is Aonán Leasa Pobail í Comhairle na nDochtúirí Leighis.

### b) Ráiteas faoi chomhlíonadh

Tá ráitis airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015 ullmhaithe de réir FRS 102, an caighdeán um thuairisciú airgeadais is infheidhmithe sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais, mar a fhógraíonn Cuntasóirí Cairte Éireann é.

Is iad seo na chéad ráitis airgeadais atá ullmhaithe ag Comhairle na nDochtúirí Leighis de réir FRS 102. Is é an 1 Eanáir 2014 an dáta ar aistríodh go dtí FRS 102. Déantar ráitis airgeadais na bliana roimhe sin a athshonrú ar mhaithe le coigeartuithe ábharacha ach ar glacadh le FRS 102 sa bhliain reatha. Tá a thoradh sin le feiceáil i Nóta 15.

### c) Bunús an ullmhúcháin

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ag luachanna córa mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos.

Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá faofa ag an Aire Sláinte le comhthoil an Aire Airgeadais faoi Acht na Lia-Chleachtóirí 2007. Tá na beartais seo a leanas curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach chun déileáil le nithe a meastar go bhfuil siad ábhartha i ndáil le ráitis airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis.

### d) Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ar a gcostas nó ar a luacháil, lúide dímheas carntha. Ríomhtar an dímheas chun bunchostas nó bunluacháil réadmhaoine, gléasra nó trealaimh a dhíscríobh, lúide a luach iarmharach measta, thar a saolré úsáideach ionchais mar leanas:

Foirgnimh – 2% de réir méid cothrom

Feabhsuithe léasachta – 5% de réir méid cothrom Trealamh oifige – 20% de réir méid cothrom Daingneáin agus feistis – 12.5% de réir méid cothrom

Trealamh ríomhaireachta agus forbairt bogearraí – 33.3% de réir méid cothrom

Tá an t-áitreabh ag Lynn House faoi réir beartas faoina ndéantar athluacháil air gach 5 bliana le luacháil eatramhach i mbliain 3 de réir FRS 102. Rinneadh an luacháil dheireanach ar an áitreabh ar bhonn margadh oscailte ar an 18 Nollaig 2013. Tá Lynn House le hathluacháil ag deireadh 2016.

Is é beartas Chomhairle na nDochtúirí Leighis a cuid sócmhainní seasta ar saothair ealaíne iad a athluacháil gach 5 bliana. Tá sé socraithe go ndéanfar luacháil in 2016.

Caitear le costais forbartha bogearraí ar mhórchórais mar a bheadh nithe caipitiúla ann agus díscríobhtar iad thar thréimhse a saolré úsáidí ionchais ón dáta a gcuirtear i ngníomh iad i leith.

# BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (AR LEAN)

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015

## e) Sócmhainní airgeadais

Sócmhainní airgeadais atá á gcoinneáil mar shócmhainní neamhreatha, luaitear iad ag a luach margaidh. Déantar cuntasaíocht i gcomhair barrachas nó easnamh ar bith tríd an Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach agus tríd an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus faoi Chúlchistí Coinnithe faoi seach. Ioncam ó shócmhainní airgeadais, maille le haon cháin shiarchoinneálach a bhaineann leis, aithnítear é sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas sa bhliain ina bhfuil sé le fáil.

Tá infheistíocht ag an gComhairle i gciste ina bhfuil bannaí, cistí infheistíochta airgid thirim agus scaireanna cothromasacha i roinnt cuideachtaí atá liostaithe agus a thrádáitear go gníomhach ar stocmhargaí aitheanta.  Bainistítear an ciste taobh amuigh den Chomhairle. Aithnítear ioncam ón bpunann infheistíochta (glan ar cháin shiarchoinneálach ghaolmhar) sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus faoi Chúlchistí Ioncaim Coinnithe sa bhliain ina bhfuil sé le fáil. Aithníodh an infheistíocht ar a costas ar dtús agus, ina dhiaidh sin, luacháladh í ag luach cóir tríd an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus faoi Chúlchistí Ioncaim Coinnithe. Is é is luach cóir ann lárphraghas na n-urrús i margadh gníomhach dáta an tuairiscithe tar éis an cháin atá le hioc ar aon ghnóthachain a tuilleadh a bhreithniú. Aithnítear athruithe ar luach cóir infheistíochtaí sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus faoi Chúlchistí Ioncaim Coinnithe sa bhliain ina dtarlaíonn siad.

## f) Airgeadra eachtrach

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta in airgeadraí eile a aistriú ag na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm dáta an chláir comhardaithe. Idirbhearta in airgeadraí eile a dhéantar i gcaitheamh na bliana, aistrítear iad ag an ráta malairte atá i bhfeidhm dáta an idirbhirt.

Déileáiltear leis na difríochtaí malairte a thagann as sin sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus faoi Chúlchistí Ioncaim Coinnithe.

## g) Ioncam

Aithnítear táillí, nach táillí coinneála iad, mar ioncam sa bhliain ina bhfaightear iad. Gearrtar táillí coinneála gach bliain i leith cleachtóirí a bhíonn ag iarraidh fanacht ar chlár na Comhairle. Aithnítear táillí coinneála agus ioncam eile mar ioncam sa bhliain lena mbaineann siad.

## h) Ioncam úis

Aithnítear ioncam úis ar bhonn fabhruithe agus modh an ráta úis ghlain in úsáid.

## i) Sochair scoir

Oibríonn Comhairle na nDochtúirí Leighis scéim pinsin sochair shainithe a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoctar-mar-a-úsáidtear ó airgead atá ar fáil di agus ó ranníocaíochtaí a bhaintear ó thuarastail foirne.

Tomhaistear oibleagáidí na scéime sochar scoir ar bhonn achtúireach agus modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid in úsáid.

Léiríonn costais sochar scoir sochair scoir a thuilleann fostaithe le linn na tréimhse agus taispeántar iad glan ar ranníocaíochtaí sochar scoir na foirne a choimeádann Comhairle na nDochtúirí Leighis.

Eascraíonn gnóthachain agus caillteanais as athruithe ar thoimhdí achtúireacha agus as barrachais agus easnaimh ó thaithí agus aithnítear iad sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach don bhliain ina dtarlaíonn siad.

# BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (AR LEAN)

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015

Léiríonn oibleagáidí sochar scoir luach reatha íocaíochtaí sochar scoir todhchaí atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. Léiríonn an cúlchiste sochar scoir an t-easnamh maoinithe ar na hoibleagáidí a bhaineann leis an scéim sochar scoir.

## j) Léasanna oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus faoi Chúlchistí Ioncaim Coinnithe thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas de réir méid cothrom thar thréimhse an léasa, ach amháin sa chás go bhfuil méaduithe ar chíos nasctha leis an ráta boilscithe a bhfuiltear ag súil leis, agus sa chás sin déantar na méaduithe sin a aithint thar shaolré an léasa.

## k) Infháltais

Déantar taifead ar infháltais trádála ar leibhéal táille arna chinneadh ag an gComhairle de réir Alt 36 d'Acht na Lia-Chleachtóirí 2007. Mura líonann dochtúir an fhoirm iarratais chun a c(h)lárú a choinneáil ar bhonn bliantúil agus mura n-íocann sé/sí an táille chun a c(h)lárú a choinneáil, scriosfar é/í de Chlár na Lia-Chleachtóirí de réir Alt 79 d'Acht na Lia-Chleachtóirí 2007. Fágann an próiseas seo nach bhfuil aon ghá le soláthar a dhéanamh d'fhiacha amhrasacha ó tharla go ndéantar na táillí a eisíodh a fhreaschur ar scriosadh den chlár. Déantar taifead ar infháltais eile ag praghas an idirbhirt.

## l) Breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta ríthábhachtacha

Chun an ráiteas airgeadais a ullmhú, ní mór don bhainistíocht breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na méideanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail dáta an chláir comhardaithe agus ar na méideanna a thuairiscítear le haghaidh ioncaim agus caiteachais i gcaitheamh na bliana. Mar sin féin, de bhrí gur meastacháin a bhíonn ann seans go mbeadh difríocht idir na hiarmhairtí iarbhír agus na meastacháin sin. Is iad seo a leanas na breithiúnais is mó a chuaigh i bhfeidhm ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

## m) Bearnú réadmhaoine, gléasra agus trealaimh

Déantar sócmhainní atá faoi réir amúchadh a athbhreithniú i gcomhair bearnúcháin am ar bith a dtugann imeachtaí nó athruithe ar chúinsí le fios gur féidir nach mbeifear in ann an tsuim ghlanluacha a fháil ar ais. Aithnítear gurb ionann caillteanas bearnúcháin agus suim ghlanluacha na sócmhainne lúide a suim in-aisghabhála.

Is ionann an tsuim in-aisghabhála agus luach cóir sócmhainne lúide an costas díola agus an luach in úsáid, cibé acu is airde. Chun críche bearnú a mheasúnú, grúpáiltear sócmhainní ag na leibhéil is ísle dá bhfuil sreafaí airgid (aonaid giniúna airgid) ann ar féidir gach ceann acu a aithint mar shreabhadh airgid ar leith. Sócmhainní neamhairgeadais a bearnaíodh, déantar athbhreithniú orthu ar gach dáta tuairiscithe féachaint an féidir an bearnú a fhreaschur.

## n) Dímheas agus luachanna iarmharacha

Tá an Bainisteoir Airgeadais tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar shaolré sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara gach aicme réadmhaoine, gléasra agus trealaimh agus, go háirithe, ar shaolré eacnamaíoch fhónta agus luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas, agus is an tátal atá bainte ná go bhfuil saolré sócmhainní agus luachanna iarmharacha cuí.

## o) Forálacha

Déanann Comhairle na nDochtúirí Leighis forálacha le haghaidh oibleagáidí dlí agus cuiditheacha a bhfuil a fhios aici go bhfuil siad fós ann ag dáta deiridh na tréimhse. Is iondúil go ndéantar na forálacha seo bunaithe ar eolas ón am atá caite nó ar eolas ábhartha eile, coigeartaithe i bhfianaise treochtaí nua más cuí. Is meastacháin iad, áfach, ar chostais airgeadais imeachtaí ar féidir nach dtarlóidh siad go ceann roinnt blianta. Mar gheall air sin agus cé chomh héiginnte is atá na torthaí deiridh, d'fhéadfadh sé go mbeadh difríocht shuntasach idir an táirgeacht a bheidh ann i ndáiríre agus an táirgeacht a measadh.

# BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (AR LEAN)

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015

### p) Oibleagáid sochar scoir

Déantar na toimhdí is bunús le luachálacha achtúireacha dá ndéantar suimeanna aitheanta sna ráitis airgeadais a chinneadh (ina measc rátaí lascaine, rátaí um méadú ar leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí básmhaireachta agus rátaí um threochtaí i gcostais cúraim sláinte) a thabhairt cothrom le dáta gach bliain bunaithe ar chúinsí reatha geilleagracha, agus d'aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leis na nithe seo a leanas dul i bhfeidhm ar na toimhdí:

(i) an ráta lascaine, athruithe sa rata faltais ar bhannaí corparáide ardchaighdeáin

(ii) leibhéil chúitimh amach anseo, cúinsí an mhargaidh fostaíochta amach anseo

(iii) ráta na dtreochtaí i gcúram sláinte, ráta an bhoilscithe ar chostais leighis sna réigiúin ábhartha.

## 2. IONCAM

### Is iad seo a leanas na foinsí ioncaim:

| | **2015** **€** | 2014 € |
|---|---|---|
| **Táillí clárúcháin** | | |
| Intéirneacht | **232,765** | 218,944 |
| Clárú ginearálta | **2,343,332** | 1,841,534 |
| Daoine a chur ar ais ar Chlár Ginearálta na Lia-Chleachtóirí | **33,225** | 19,458 |
| Táillí clárúcháin speisialtóirí | **133,400** | 159,440 |
| | **2,742,722** | 2,239,376 |

| | **2015** **€** | 2014 € |
|---|---|---|
| **Ioncam ilghnéitheach** | | |
| Táillí Seirbhíse | **34,617** | **4,512** |
| Táillí Creidiúnaithe | **1,000** | **47,033** |
| Scrúduithe | **219,555** | **215,433** |
| Teastas dea-stádais | **122,796** | **143,391** |
| Táille Íocaíochta Déanaí | **8,925** | **57,402** |
| Costais dlí faighte ar ais | **17,000** | **9,650** |
| Ioncam Cíosa | **0** | **53,083** |
| Eile | **31,080** | **77,372** |
| | **434,973** | **607,876** |

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015

## 3. CAITEACHAS

### Is iad seo a leanas na foinsí caiteachais:

| | 2015 € | 2014 € |
|---|---|---|
| **Costais dlí** | | |
| Dlí agus gairmiúil | **429,658** | 688,925 |
| Cuid V (a) – fiosrúcháin | **1,996,636** | 1,204,792 |
| Cuid V (b) – imeachtaí Ard-Chúirte agus Cúirte Uachtaraí | **345,050** | (2,572) |
| | **2,771,344** | 1,891,145 |

| | 2015 € | 2014 € |
|---|---|---|
| **Riarachán ginearálta** | | |
| Árachas | **86,048** | 92,857 |
| Solas agus teas | **97,378** | 106,140 |
| Deisiúcháin agus cothabháil | **81,191** | 122,795 |
| Cothabháil trealaimh | **5,282** | 758 |
| Priontáil, postas agus stáiseanóireacht | **74,175** | 118,613 |
| Riarachán agus stóráil comhad | **84,162** | 43,739 |
| Táillí teileafóin agus móideim | **39,446** | 32,159 |
| Costais ríomhaireachta | **291,432** | 249,649 |
| Airíochas agus glanadh | **36,948** | 49,740 |
| Slándáil | **45,149** | 43,876 |
| Creidiúnuithe | **145,895** | 13,705 |
| Taighde | **113,112** | 85,086 |
| Caiteachas ginearálta | **27,077** | 29,388 |
| | **1,127,295** | 988,505 |

| | 2015 € | 2014 € |
|---|---|---|
| **Comhairleacht agus táillí gairmiúla eile** | | |
| Comhairleacht ghnó | **326,965** | 385,915 |
| Táillí cumarsáide | **44,280** | 49,624 |
| Táillí comhairleachta TF | **15,442** | 40,598 |
| | **386,687** | 476,137 |

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015

## 4. FOSTAITHE AGUS LUACH SAOTHAIR

### 4a. Líon na bhfostaithe

63 an meánlíon daoine a bhí fostaithe i gcaitheamh na bliana (2014: 59)

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| Cuimsíonn na costais foirne: | **€** | € |
| Pá agus tuarastail | **3,207,247** | 3,095,382 |
| Costais leasa shóisialaigh | **268,546** | 279,916 |
| | **3,475,793** | 3,375,298 |
| Costais sochar scoir | **1,344,793** | 1,241,424 |
| | **4,820,586** | 4,616,722 |

### 4b. Mionroinnt ar shochair na bhfostaithe

| Raon shochair iomlána an fhostaí | | Líon na bhfostaithe | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go** | **2015** | **2014** |
| €60,000 | €69,999 | 5 | 5 |
| €70,000 | €79,999 | 0 | 0 |
| €80,000 | €89,999 | 3 | 3 |
| €90,000 | €99,999 | 5 | 5 |
| €100,000 | €109,999 | 0 | 0 |
| €110,000 | €119,999 | 1 | 0 |
| €120,000 | €129,999 | 0 | 0 |
| €130,000 | €139,999 | 0 | 1 |

**4.1** Is é an tUasal William Prasifka Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Chomhairle na nDochtúirí Leighis. Fuair an tUasal Prasifka tuarastal €28,018 in 2015 don tréimhse ón 5 Deireadh Fómhair 2015 go dtí an 31 Nollaig 2015. Cuimsíonn an t-olltuarastal coigeartú de réir na riachtanas a shainítear faoi Chomhaontú Bhóthar Haddington. Ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin na teidlíochtaí pinsin i scéim aoisliúntais sochair shainithe na hearnála poiblí.

**4.2** Íocadh asbhaintí €150,168 a bhaineann le pinsean leis an Roinn Sláinte in 2015. Bhí €21,680 dlite don Roinn ag deireadh na bliana.

**4.3** Ní dhearnadh aon íocaíocht bhónais leis an bhfoireann in 2015.

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015

**4.4** Íocadh €100,474 mar tháillí le trí chomhalta Comhairle a bhí ina dteideal in 2015 mar leanas:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Katharine Bulbulia Uasal | €7,696 | An tOllamh Alan Johnson | €7,696 |
| Margaret Murphy Uasal | €7,696 | An Dr John Barragry | €7,696 |
| Anne Carrigy Uasal | €7,696 | An tOllamh Colm O'Herlihy | €7,696 |
| An Dr Rita Doyle | €7,696 | An Dr Michael Ryan | €7,696 |
| An Dr Bairbre Golden | €7,696 | Catherine Whelan Uasal | €3,848 |
| An Dr Ruairí Hanley | €7,696 | An tOllamh Freddie Wood | €11,970 |
| | | An tUasal Seán Hurley | € 7,696 |

Ina theannta sin, íocadh €21,136 le comhaltaí Comhairle i ndáil le caiteachas in-aisíoctha taistil agus maireachtála.

**4.5** Chomh maith leis an gcaiteachas a luadh in 4.4 thuas, tabhaíodh €412,623 san iomlán ar chruinnithe agus ar oibríochtaí na Comhairle mar leanas:

- €144,928 i leith caiteachas taistil agus maireachtála a thabhaigh comhaltaí Comhairle, comhaltaí Coiste agus comhaltaí foirne agus iad i mbun oibríochtaí oifigiúla Comhairle.
- €199,754 i leith liúntais a íocadh le 52 duine ar comhaltaí iad d'fhochoistí agus de ghrúpaí oibre. Idir €300 agus €11,970 a bhí na híocaíochtaí aonair.
- €54,377 i leith costais lónadóireachta le haghaidh na Comhairle, na bhfochoistí agus na bhfiosrúchán.
- €13,564 i leith costais oiliúna do chomhaltaí na Comhairle.

## 5. CÁNACHAS

Le hAlt 32 den Acht Airgeadais, 1994 tugtar díolúine ó cháin ar ioncam infheistíochta de chuid Chomhairle na nDochtúirí Leighis. Níl Comhairle na nDochtúirí Leighis i dteideal aisíocaíocht DIRT áfach, sa chás go n-asbhaintear sin ó ús taisce.

Is comhlacht Stát-Urraithe Neamhthráchtála í Comhairle na nDochtúirí Leighis taobh istigh de bhrí Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha agus Sceideal 4 den Acht sin.

Ní ghearrann Comhairle na nDochtúirí Leighis CBL ar a cuid táillí ná ní aiséilíonn sí CBL ar a cuid ceannachán.

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015

## 6. Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

| | Foirgnimh & feabhsuithe léasachta | Trealamh oifige | Daingneáin agus feistis | Trealamh ríomhaireachta | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | **€** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| Amhail an 1 Eanáir 2015 | 3,245,608 | 332,513 | 1,480,976 | 2,903,557 | 7,962,654 |
| Méideanna breise | 55,784 | 1,576 | 5,201 | 207,603 | 270,164 |
| Diúscairtí | 0 | (295,507) | (346,637) | (2,389,251) | (3,031,395) |
| Amhail 31 Nollaig 2015 | 3,301,392 | 38,582 | 1,139,540 | 721,909 | 5,201,423 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2015 | 804,217 | 305,144 | 1,207,552 | 2,720,943 | 5,037,856 |
| Muirear i gcomhair na bliana | 118,145 | 7,362 | 139,661 | 208,379 | 473,547 |
| Muirear i gcomhair na bliana | 0 | (295,434) | (340,453) | (2,392,064) | (3,027,951) |
| Amhail 31 Nollaig 2015 | 922,362 | 17,072 | 1,006,760 | 537,258 | 2,483,452 |
| **Glanluach de réir na leabhar** | | | | | |
| Amhail 31 Nollaig 2015 | 2,379,030 | 21,510 | 132,780 | 184,651 | 2,717,971 |
| Amhail 31 Nollaig 2014 | 2,441,391 | 27,369 | 273,424 | 182,614 | 2,924,798 |

Liostaithe i measc na luachanna le haghaidh daingneán agus feisteas tá bailiúchán beag d’ealaín mhaisiúil atá sna hoifigí ag Kingram House. Tá an saothar ealaíne seo luacháilte de réir threoracha FRS 102 Cuid 17.3 – Sócmhainní Oidhreachta. Tá luach anonn neamhní air faoi láthair go dtí go ndéanfar luacháil air in 2016.

## 7. SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS

| | **2015** | 2014 |
|---|---|---|
| **Luach cóir** | **€** | € |
| Amhail 1 Eanáir | **3,105,835** | 2,939,900 |
| Gluaiseacht luacha chóir i sócmhainní airgeadais | **(309)** | 145,329 |
| Ioncam infheistíochta | **37,232** | 30,095 |
| Táille bhainistíochta | **(24,469)** | (27,825) |
| Ioncam úis | **29,198** | 18,336 |
| Ceannacháin | **3,000,000** | 0 |
| Amhail 31 Nollaig | **6,147,487** | 3,105,835 |

Is é an luach cóir lárphraghas na sócmhainní airgeadais i margadh gníomhach dáta an tuairiscithe ó tharla nach bhfuil praghas tairisceana na sócmhainne airgeadais luaite.

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015

## 8. INFHÁLTAIS

| | 2015<br>€ | 2014<br>€ |
|---|---|---|
| Réamhíocaíochtaí | **1,013,166** | 1,013,724 |
| Infháltais trádála | **91,191** | 262,729 |
| Il-infháltais | **48,207** | 139,734 |
| | **1,152,564** | 1,416,187 |

San áireamh sna réamhíocaíochtaí tá méid €685,950 ar íocaíocht cíosa láithreach ar réadmhaoin Kingram House é, a íocadh ar an 11 Márta 2008. Tá sé seo á dhíscríobh thar na blianta den léas atá fágtha.

## 9. INÍOCAÍOCHTAÍ

| **Méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin** | 2015<br>€ | Athluaite<br>2014<br>€ |
|---|---|---|
| Iníocaíochtaí trádála agus fabhruithe | **1,457,561** | 1,335,717 |
| Ioncam iarchurtha – táillí coinneála (Nóta 10) | **5,165,256** | 4,238,203 |
| Soláthar do chostais dlí | **396,875** | 521,576 |
| Foráil d'aistriú díreach tiomnachta chuig carthanas/taighde | **25,395** | 0 |
| | **7,045,087** | 6,095,496 |

| **Gluaiseacht sa soláthar dlí:** | | |
|---|---|---|
| Soláthar dlí amhail 1 Eanáir | **521,576** | 394,100 |
| Úsáidte in 2015 | **(428,255)** | (308,615) |
| Soláthar déanta dó in 2015 | **303,553** | 436,091 |
| | **396,874** | 521,576 |

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015

## 10. IONCAM IARCHURTHA – TÁILLÍ COINNEÁLA

Bhain sé seo le táillí a fuarthas i leith tréimhsí i ndiaidh dheireadh na bliana.

## 11. COSTAIS SOCHAR SCOIR

### A. Anailís ar iomlán na gcostas sochar scoir arna bhreacadh chun dochair don Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas

| | **2015** | 2014 |
|---|---|---|
| | **€** | € |
| Costais seirbhíse reatha | **760,000** | 720,000 |
| Ús ar oibleagáidí na scéime sochar scoir | **700,000** | 640,000 |
| Ranníocaíochtaí fostaithe | **(115,207)** | (118,576) |
| | **1,344,793** | 1,241,424 |

### B. Gluaiseacht i nglanoibleagáidí sochar scoir le linn na bliana airgeadais

| | **2015** | 2014 |
|---|---|---|
| | **€** | € |
| Glanoibleagáidí sochar scoir amhail 1 Eanáir | **11,900,134** | 11,600,000 |
| Costas na Seirbhíse Reatha | **760,000** | 720,000 |
| Costais Úis | **700,000** | 640,000 |
| Caillteanas/(gnóthachan) achtúireach | **2,722,000** | (781,000) |
| Sochair scoir íoctha le linn na bliana | **(281,331)** | (278,866) |
| Glanoibleagáidí sochar scoir amhail 31 Nollaig | **15,800,803** | 11,900,134 |

### C. Stair na n-oibleagáidí sochar sainithe

| | **2015** | **2014** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Oibleagáidí maidir le sochar sainithe | **15,801** | **11,900** | **11,600** | **11,400** |
| Caillteanais/(gnóthachain) ó thaithí ar oibleagáidí na scéime sochair shainithe | **2,722** | **(781)** | **(754)** | **(686)** |

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015

## D. Cur síos ginearálta ar an scéim

Oibríonn Comhairle na nDochtúirí Leighis scéim aoisliúntais neamhchistithe sochair shainithe don fhoireann.

Teidlíochtaí aoisliúntais faoin scéim, íoctar as ioncam reatha iad agus breactar chun dochair iad don Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus faoi Chúlchistí Ioncaim Coinnithe, glan ar ranníocaíochtaí aoisliúntais na bhfostaithe, sa bhliain ina bhfuil siad le híoc.

Tá na torthaí atá leagtha amach thíos bunaithe ar luacháil achtúireach ar na hoibleagáidí sochar scoir i leith baill foirne reatha na Comhairle agus baill foirne den Chomhairle atá ar scor amhail an 31 Nollaig 2015. Rinne achtúire neamhspleách cáilithe an luacháil seo chun críocha an chaighdeáin cuntasaíochta, Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais Uimh. 102 – Sochair Scoir (FRS 102).

| | **2015** | 2014 |
|---|---|---|
| Ráta méadaithe ar thuarastail | **2.0%** | 4.0% |
| Ráta méadaithe ar shochair scoir á n-íoc | **2.0%** | 4.0% |
| Ráta lascaine | **2.35%** | 5.5% |
| Ráta boilscithe | **2.0%** | 2.0% |

Bonn básmhaireachta:

PMA80 (C = 2000) i gcás na bhfear agus PFA80 (C = 2000) i gcás na mban, le hasbhaint dhá bhliain i ngach cás.

## Meánionchas saoil amach anseo de réir na dtáblaí básmhaireachta a úsáidtear chun na sochair scoir a chinneadh

| | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| Fear 65 bliain d’aois | 22 bliain | 22 bliain |
| Bean 65 bliain d’aois | 25 bliain | 25 bliain |

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015

## 12. CÚLCHISTÍ

| | Cúlchiste Sochar Scoir | Cúlchistí Coinnithe | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| Amhail 1 Eanáir 2015 | (11,900,134) | 14,767,719 | 2,867,585 |
| Barrachas don bhliain | - | 1,136,911 | 1,136,911 |
| Caillteanas achtúireach don bhliain | (2,722,000) | - | (2,722,000) |
| Aistriú chuig cúlchiste sochar scoir | (1,178,669) | 1,178,669 | 0 |
| Amhail 31 Nollaig 2015 | (15,800,803) | 17,083,299 | 1,282,496 |

